**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0190/2021**

2.6.2021

# TUARASCÁIL

maidir le gnéithe agus impleachtaí trádála COVID-19
(2020/2117(INI))

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Rapóirtéir: Kathleen Van Brempt

PR_INI

## CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....................................3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ..........................................................................................20

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir le gnéithe agus impleachtaí trádála COVID-19**
**(2020/2117(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2021 dar teideal *Trade Policy Review – An Open, Sustainable and Assertive Trade Policy* [Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – Beartas Trádála atá Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach] (COM(2021)0066),

– ag féachaint don pháipéar bán ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 ar mhachaire comhréidh a thabhairt i gcrích i ndáil le fóirdheontais eachtracha (COM(2020)0253),

– ag féachaint don theachtaireacht ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2020 dar teideal *Europe's moment: Repair and Prepare for the Next Generation* [Uain na hEorpa: Deisiú agus Ullmhú don Chéad Ghlúin Eile] (COM(2020)0456),

– ag féachaint don Theachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* [Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol] (COM(2020)0381),

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2020 dar teideal *Adjusted Commission Work Programme 2020* [Clár Oibre Coigeartaithe an Choimisiúin 2020] (COM(2020)0440) agus don litir intinne ón Uachtarán von der Leyen chuig an Uachtarán Sassoli agus chuig an Seansailéir Merkel an 16 Meán Fómhair 2020 dar teideal 'Staid an Aontais 2020',

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal *EU Biodiversity Strategy for 2030: Bringing nature back into our live* [Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] (COM(2020)0380),

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Márta 2020 dar teideal *A new Circular Economy Action Plan: For a cleaner and more competitive Europe* [Plean Gníomhaíochta Nua don Gheilleagar Ciorclach: Eoraip níos glaine agus níos iomaíche] (COM(2020)0098),

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Márta 2020 dar teideal *A New Industrial Strategy for Europe* [Straitéis Thionsclaíoch Nua don Eoraip] (COM(2020)0102),

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Márta 2020 dar teideal *An SME Strategy for a sustainable and digital Europe* [Straitéis FBM d'Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach] (COM(2020)0103),

– ag féachaint don teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha, agus don Bheartas Slándála an 9 Márta 2020, dar

teideal *Towards a comprehensive Strategy with Africa* [I dtreo Straitéis Chuimsitheach leis an Afraic](JOIN(2020)0004),

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2020 dar teideal *Shaping Europe's digital future* [Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú] (COM(2020)0067),

– ag féachaint don teachtaireacht an 11 Nollaig 2019 ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640),

– ag féachaint don teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 2 Nollaig 2020, dar teideal *A new EU-US agenda for global change* [Clár nua AE-SAM don athrú domhanda] (JOIN(2020)0022),

– ag féachaint don pháipéar leathoifigiúil ó sheirbhísí an Choimisiúin an 26 Feabhra 2018 maidir le haiseolas agus an bealach chun cinn i dtaca le cur chun feidhme agus forfheidhmiú na gcaibidlí maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe (TSD) i gcomhaontuithe saorthrádála AE a fheabhsú agus feabhas a chur ar an bplean gníomhaíochta 15 phointe a ghabhann leis maidir le caibidlí TSD,

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2015 dar teideal *Trade for All – Towards a more responsible trade and investment policy* [Trádáil do Chách – Faoi thuairim beartas trádála agus infheistíochta níos freagraí a chothú] (COM(2015)0497),

– ag féachaint do Chomhaontú a glacadh ag an 21ú Comhdháil de na Páirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (Comhaontú Pháras),

– ag féachaint do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna),

– ag féachaint do rúin uaithi an 26 Samhain 2020 ar athbhreithniú ar Bheartas Trádála an Aontais[1], an [... Meitheamh 2021] ar Straitéis 'ón bhFeirm go dtí an Forc' le haghaidh córas bia atá cóir, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol[2], an [... Meitheamh 2021] dar teideal 'Straitéis Bithéagsúlachta AE do 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol'[3], an 20 Bealtaine 2021 dar teideal 'Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú: bacainní ar fheidhmiú an mhargaidh aonair dhigitigh a bhaint agus feabhas a chur ar úsáid na hintleachta saorga do thomhaltóirí Eorpacha[4], an 25 Márta 2021 maidir le straitéis AE do thurasóireacht inbhuanaithe a bhunú[5], an 10 Márta 2021 dar teideal 'I dtreo shásra AE um choigeartú carbóin ar theorainneacha atá comhoiriúnach leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála'[6], an 10 Márta 2021 lena ngabhann moltaí don Choimisiún maidir le dícheall cuí corparáideach agus cuntasacht

[1] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0337.
[2] [Cuir isteach dáta an ghlactha agus tagairt TA do nós imeachta 2020/2260(INI), ar an sceideal le glacadh ag seisiún iomlánach mhí an Mheithimh 2021].
[3] [Cuir isteach dáta an ghlactha agus tagairt TA do nós imeachta 2020/2273(INI), ar an sceideal le glacadh ag seisiún iomlánach mhí an Mheithimh 2021].
[4] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0261.
[5] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0109.
[6] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0071.

chorparáideach[7], an 10 Feabhra 2021 maidir leis an bPlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach Nua[8], an 25 Samhain 2020 dar teideal 'Straitéis Thionsclaíoch Nua don Eoraip'[9], an 7 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal 'Cur chun feidhme an chomhbheartais tráchtála – tuarascáil bhliantúil 2018'[10], an 16 Meán Fómhair 2020 maidir le ról AE i dtaca le foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú[11], an 28 Samhain 2019 maidir leis an éigeandáil aeráide agus chomhshaoil[12], an 12 Nollaig 2017 dar teideal *Towards a digital trade strategy* [I dtreo straitéis trádála digití][13], agus an 5 Iúil 2016 maidir le straitéis nua réamhbhreathnaitheach agus nuálach don trádáil agus don infheistíocht[14],

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021 dar teideal 'Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol',

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Fhorbairt agus ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0190/2021),

A. de bhrí go raibh COVID-19 ina chúis le paindéim dhomhanda, is siocair le géarchéim dhomhanda shláinte, eacnamaíoch, shóisialta agus dhaonnúil nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, rud a chuthaigh scrogaill agus suaití maidir le trádáil idirnáisiúnta ar scála nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, a thit go mór de réir mar a scaip an víreas, a chiorraigh táirgeadh domhanda agus fostaíocht, a laghdaigh an leibhéal d'infheistíocht dhíreach choigríche, agus a chur leis an teannas geopholaitiúil;

B. de bhrí gur léirigh an phaindéim leochaileachtaí straitéiseacha i slabhraí soláthair AE agus domhanda, lena n-áirítear maidir le hamhábhair chriticiúla, agus earraí leighis bunriachtanacha amhail trealamh cosanta pearsanta agus comhábhair ghníomhacha chógaisíochta, agus gur thug sí chun suntais an gá le hathléimneacht agus éagsúlú feabhsaithe ar an leibhéal domhanda, réigiúnach agus áitiúil;

C. de bhrí gur mhéadaigh ráig COVID-19 neamhionannais tuilleadh agus gur chuir sí leis an imní i measc saoránach faoi chaillteanais post in earnálacha áirithe, faoi chineál athraitheach na hoibre agus an brú ar phá agus chearta oibrithe; de bhrí gur gá dul i ngleic leis na fadhbanna sin chun tacaíocht phoiblí don trádáil dhomhanda a choinneáil;

D. de bhrí go bhfuil riosca ann gur buille don chomhrac domhanda i gcoinne an athraithe aeráide é ráig COVID-19, ach go dteastaíonn gníomhaíocht agus comhar domhanda

[7] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0073.
[8] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0040.
[9] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0321.
[10] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0252.
[11] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0212.
[12] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2019)0078.
[13] IO C 369, 11.10.2018, lch. 22.
[14] IO C 101, 16.3.2018, lch. 30.

chun beartais a fhorbairt agus gníomhaíocht ar son na haeráide a phríomhshruthú i mbeartais inmheánacha agus sheachtracha, toisc nach leor an vacsaín ann féin chun dul i ngleic leis an ngéarchéim shóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíoch atá mar thoradh ar COVID-19;

E. de bhrí, cé gur laghdaigh an tAontas Eorpach a astaíochtaí gás ceaptha teasa inmheánacha, go bhfuil a astaíochtaí atá leabaithe in allmhairí ag dul i méid i rith an ama, agus, ar an gcaoi sin, tá siad ag baint an bhoinn ó iarrachtaí an Aontais a lorg domhanda maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú;

F. de bhrí go dtiocfaidh méadú 8.4 % in 2022 ar thrádáil idirnáisiúnta earraí agus seirbhísí de réir mheastacháin an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta[15] agus ní mór go mbeadh ról iomlán ag an mbeartas trádála sa téarnamh ó phaindéim COVID-19; de bhrí gur gá an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála a chomhlánú le hidirphlé agus trédhearcacht leanúnach i gcomhar le Parlaimint na hEorpa, a mbeidh ról lárnach aici maidir lena chur chun feidhme, chomh maith le straitéis chun athléimneacht agus uathriail straitéiseach AE a mhéadú, lena n-áirítear bearta beartais agus ionstraimí saincheaptha i réimse amhail táirgeadh intíre, garbhunú, éagsúlú soláthróirí agus stoc-charnadh;

G. de bhrí gurb é an Aontas Eorpach an gníomhaí trádála domhanda is mó, agus é ina bloc trádála is mó ar domhan le líonra fairsing comhaontuithe trádála, agus go bhfuil seasamh uathúil aige sa chaoi gur féidir leis comhoibriú go domhanda, cur chun feidhme chaighdeáin, luachanna agus creataí inbhuanaitheachta AE a chur chun cinn i dtíortha comhpháirtíochta, agus téarnamh inbhuanaithe an gheilleagair dhomhanda a bhaint amach, i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus Comhaontú Pháras;

H. de bhrí gur chuir deighilt laistigh den Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) agus géarghá a hathchóirithe casadh breise sna hiarrachtaí comhordaithe chun slabhraí soláthair domhanda a choimeád oscailte, agus nach mór a bheith mar thosaíocht againn anois muinín a chothú athuair as institiúidí iltaobhacha mar eintitis a bheidh in ann freagraí domhanda a thabhairt, trí dhul chun cinn a dhéanamh sa phlé maidir le tionscnamh trádála agus sláinte EDT;

I. de bhrí go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh dlúthchomhar ann idir EDT agus comhlachtaí idirnáisiúnta eile, go háirithe an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS), institiúidí na Náisiún Aontaithe agus an Banc Domhanda, chun dul i ngleic leis an ngéarchéim ar bhealach cuimsitheach, agus aird ar leith a thabhairt ar impleachtaí sláinte agus eacnamaíocha i dtíortha i mbéal forbartha;

***Slabhraí luacha cothroma, athléimneacha agus glasa***

1. á chur i bhfáth go bhfuil uair na cinniúna buailte leis an mbeartas trádála; ag tabhairt dá haire go bhfuil athrú tagtha ar an staid gheopholaitiúil agus á chur i bhfios go láidir go bhfuil ar an Aontas a seasamh a aimsiú sa timpeallacht nua seo fós; á chur in iúl go

[15] An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, *World Economic Outlook: Managing Divergent Recoveries* [Ionchas Eacnamaíochta Domhanda: Bainistiú Téarnamh eisréimneach], Aibreán 2021.

bhfuil sí deimhin de go bhfuil COVID-19 tar éis cur leis an ngá atá le hathbhreithniú críochnúil ar bheartas trádála an Aontais; ag cur i bhfáth go bhfuil an Pharlaimint réidh chun rannchuidiú go gníomhach leis an Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála;

2. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá slabhraí luacha córa, athléimneacha agus inbhuanaithe lena n-urramaítear cearta an duine, cearta saothair agus caighdeáin chomhshaoil; á mheabhrú gur cheart go mbeadh dícheall cuí éigeantach feadh an tslabhra soláthair ina ionstraim chun é sin a bhaint amach; á chur i bhfáth gur cheart aird níos mó a thabhairt ar staid leochaileach na micrifhiontar, na bhfiontar beag agus na bhfiontar meánmhéide (MFBManna) san Aontas agus go háirithe i dtíortha i mbéal forbartha, toisc gur dóchúla go bhfaigheadh cuideachtaí móra an ceann is fearr ar shuaití eisiginiúla; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé leas a bhaint as an bhfadbhreathnaitheacht straitéiseach chun méadú a chur ar ullmhacht agus athléimneacht an Aontais agus na dtíortha i mbéal forbartha maidir le haon suaitheadh agus géarchéimeanna sláinte a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear sócháin galair nua agus paindéimí amach anseo, lena ndíreofar ar straitéisí agus freagairtí a bheidh oiriúnaithe don todhchaí a fhorbairt; á chur le fios go mbeadh sé mar phríomhcholún de straitéis an Aontais maidir le slabhra soláthair inbhuanaithe a chur de cheangal ar chuideachtaí atá neamhchosanta den chuid is mó ar shlabhraí soláthair idirnáisiúnta a bheith faoi réir ceanglais tuairiscithe atá ceangailteach ó thaobh dlí de i gcomhthéacs an athbhreithnithe atá le déanamh ar an Treoir maidir le Faisnéis Neamhairgeadais[16];

3. á iarraidh ar an Aontas a áirithiú go mbeidh an trádáil ag feidhmiú freisin do na daoine sin atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch; á mheabhrú, i ndáil leis sin, go bhfuil na gníomhaíochtaí sonracha chun ‘scéimeanna trádala córa agus eiticiúla’ a chur chun cinn, ar scéimeanna iad a gheall an Coimisiún sa straitéis ‘Trádáil do Chách’ níos ábhartha fós faoi na cúinsí reatha ós rud é gur féidir le tionscnaimh trádála ón mbun aníos a áirithiú go rachaidh an trádáil chun tairbhe do na gníomhaithe faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch sa slabhra soláthair; ag cur béim ar a thábhachtaí atá orduithe fadtéarmacha intuartha agus ag tabhairt dá haire na scéimeanna ordaithe den chineál sin ar éirigh leo in earnáil na trádála córa;

4. á iarraidh ar an gCoimisiún tionscnaimh chóirthrádála a chur chun cinn trí chláir AE ina mbíonn daoine óga agus an earnáil phríobháideach páirteach, i ngníomhaíocht sheachtrach i gcoitinne, i gcur chun feidhme caibidlí TSD, trí thoscaireachtaí AE, agus trí luach saothair a thabhairt do dhea-chleachtais agus trí mhalartú eolais a éascú idir údaráis áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, an tsochaí shibhialta, scoileanna agus ollscoileanna san Aontas, lena n-áirítear trí ‘Gradam do chathracha an Aontais Eorpaigh as trádáil chóir agus eiticiúil’ a leathnú chuig scoileanna agus ollscoileanna agus seachtain chóir trádála bhliantúil arna hóstáil ag an gCoimisiún a chur ar bun sa Bhruiséil; ag éileamh go ndéanfadh an Coimisiún tuairisciú ar an tacaíocht a bheith á tabhairt ag an Aontas agus ag na Ballstáit do thionscnaimh chóirthrádála;

5. ag tabhairt dá haire gur minic a bhíonn éifeachtaí neamhshiméadracha i gceist le slabhraí luacha domhanda, lena n-áirítear do na tíortha is lú forbairt, dáileadh neamhchothrom rioscaí, agus tionchar díréireach dochrach ar mhná; á chur in iúl gur

[16] Treoir 2014/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 lena leasaítear Treoir 2013/34/AE maidir le nochtadh faisnéise neamhairgeadais agus éagsúlachta ag gnóthais agus grúpaí móra áirithe, IO L 330, 15.11.2014, lch. 1.

saoth léi gur fhág an dáileadh míchothrom sin le linn na paindéime go ndearna gnólachtaí Eorpacha áirithe ualach na gcostas a bhaineann le héileamh níos ísle feadh a slabhraí soláthair a aistriú uathu féin, lena n-áirítear i dtíortha i mbéal forbartha, agus orduithe a comhlíonadh cheana, agus i gcásanna áirithe a seoladh cheana fiú, a chur ar ceal; á iarraidh ar an gCoimisiún a bheith rannpháirteach leis na Ballstáit, le rialtais áitiúla, leis an earnáil phríobháideach agus leis an tsochaí shibhialta chun leithdháileadh níos cothroime drochthionchar agus rioscaí a bhaint amach feadh slabhraí soláthair; á iarraidh ar an gCoimisiún tograí nithiúla a thíolacadh tar éis an ghealltanais a thug sé maidir le 'neamhfhulaingt ar shaothar leanaí' roimh dheireadh 2021, agus a d'fhógair na Náisiúin Aontaithe don Bhliain Idirnáisiúnta chun Saothar Leanaí a Dhíothú;

6. á chur i bhfáth go bhfuil an slabhra luacha turasóireachta ar cheann de phríomhéiceachórais thionsclaíocha na hEorpa; ag cur béim ar an bhfíoras, i ndáil leis sin, go bhfuil earnáil na turasóireachta, amhail fáilteachas, mar aon le mórthionscail eile (aerloingseoireacht, mótarfheithiclí, cruach, tógáil long agus cúrsaí mara), ag fulaingt ó thrádáil agus ó chliseadh eacnamaíoch mar gheall ar shrianta ar thaisteal agus ar shlabhraí soláthair agus suaití de bharr na géarchéime COVID-19;

7. á chur i bhfáth go bhfuil gá le rialacha éifeachtacha lena n-áirithítear iomaíocht chóir agus cothroime iomaíochta do ghnólachtaí Eorpacha, sa mhargadh inmheánach agus i margaí tríú tíortha araon, chun caidreamh trádála le comhpháirtithe idirnáisiúnta a bheidh chun tairbhe an dá thaobh a ráthú agus chun an margadh aonair a chosaint ar straitéisí infheistíochta ionsaitheacha ó ghníomhaithe neamh-AE atá ag iarraidh leas a bhaint as an ngéarchéim reatha; ag cur béim ar a thábhachtaí atá ionstraimí cosanta trádála i ndáil leis an méid sin; á chur i bhfios go láidir gur cheart rannchuidiú dearfach a bheith ag an rialachán forfheidhmithe leis an sprioc iomaíocht chóir agus cothrom iomaíochta a áirithiú, agus á chur i bhfáth gur dlúthchuid den bheartas trádála iad caibidlí TSD;

8. á iarraidh ar an gCoimisiún bosca uirlisí cosanta trádála an Aontais a thabhairt chun críche gan mhoill in 2021 trí thograí reachtacha a mbeidh measúnuithe tionchair mar thaca leo, agus tosaíocht á tabhairt d'ionstraim frithchomhéigin, ionstraim chun dul i ngleic le saobhadh de bharr fóirdheontais eachtracha agus fiontair faoi úinéireacht stáit, agus an chaibidlíocht maidir leis an Ionstraim Soláthair Phoiblí Idirnáisiúnta a thabhairt chun críche; á chur i bhfios éifeacht chomhéigneach na smachtbhannaí seach-chríochacha ag tríú tíortha agus an gá atá le feidhmiú ionstraimí airgeadais a chosaint ó bhearta den sórt sin; ag tabhairt dá haire a thábhachtaí atá idirghabháil airgeadais phoiblí le linn phaindéim COVID-19;

9. á chur in iúl go bhfuil sí lánchinnte de gur cheart go mbeadh an oscailteacht fite fuaite le cosaint ár n-earnálacha straitéiseacha agus gur cheart dlúthnasc a bheith idir an oscailteacht sin agus beartas tionsclaíoch uaillmhianach agus réamhbhreathnaitheach i gcomhréir leis an gComhaontú Glas agus leis an straitéis dhigiteach, rud lenar féidir acmhainneachtaí an Aontais a mhéadú maidir le suaití amach anseo in earnálacha straitéiseacha a sheasamh, borradh a chur faoin téarnamh eacnamaíoch agus iomaíochas ghnólachtaí AE a áirithiú, lena gcruthófaí poist ardcháilíochta léi agus lena n-áiritheofaí go mbeidh ról ríthábhachtach ag an Eoraip maidir le táirgeadh earraí nuálacha agus maidir le seirbhísí a bheidh ann amach anseo;

10. á chreidiúint gur cheart go mbeadh éagsúlú agus athléimneacht an tslabhra soláthair ina bpríomhthosaíocht i mbeartas trádála athbhreithnithe AE; á thabhairt chun suntais cúpláil leasanna trádála agus slándála, agus á iarraidh go ndéanfaí scagadh infheistíochta dírí coigríche a neartú agus a fhorfheidhmiú go comhréireach, agus ar an gcaoi sin comhlánú agus tacú le hiarrachtaí na mBallstát an scagadh sin a chur chun feidhme chun earnálacha straitéiseacha Eorpacha a choimirciú, agus chun bunú spleácha eacnamaíocha díobhálacha agus insaothraithe ar ghníomhaithe neamh-AE a chosc;

11. á chur in iúl go bhfuil sí deimhin de go bhfuil AE ag brath an iomarca ar líon teoranta soláthróirí le haghaidh amhábhar, earraí agus seirbhísí ríthábhachtacha áirithe, go háirithe earraí leighis agus cógaisíochta, agus go mbaintear an bonn dá uathriail straitéiseach agus dá chuspóirí geopholaitiúla leis sin; á áitiú gur cheart do AE na spleáchais neamh-inmhianaithe sin a shárú trí mheascán cothrománach beartas chun cuideachtaí a dhreasú le stoc-charnadh a dhéanamh, monaraíocht a mhéadú, straitéisí foinsithe a éagsúlú agus, más gá, garbhunú thar lear agus athbhunú sa bhaile a chur chun cinn, rud a d'fhéadfadh deiseanna trádála nua a chruthú do chomhpháirtithe i gComharsanachtaí an Oirthir agus an Deiscirt agus ar gá comhfhogasú rialála in earnálacha straitéiseacha a bheith ag gabháil leo;

12. á chur i bhfáth na rioscaí do shlabhraí ríthábhachtacha soláthair a léirítear le géarchéim COVID-19 agus á iarraidh ar an gCoimisiún aird ar leith a thabhairt ar inbhuanaitheacht shlabhraí soláthair an Aontais sa straitéis thionsclaíoch atá ar na bacáin, lena sainaithnítear na slabhraí soláthair a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as athléimneacht mhéadaithe trí éagsúlú soláthair, trí athbhunú sa bhaile agus trí stoc-charnadh; á chreidiúint, áfach, gur cheart do chuideachtaí cinneadh a dhéanamh dóibh féin ar deireadh faoi conas a slabhraí soláthair domhanda a bhainistiú;

13. ag tabhairt dá haire gur cheart don Choimisiún geilleagar ciorclach a chur chun cinn ar an leibhéal domhanda agus á chur i bhfios go láidir an ról ba cheart a bheith ag comhaontuithe trádála maidir le cuspóirí an gheilleagair chiorclaigh a fheabhsú, maidir le soláthar a éagsúlú agus maidir le caidreamh trádála oscailte a neartú le haghaidh earraí agus seirbhísí ríthábhachtacha, agus maidir le slabhraí soláthair a ghiorrú nó a athrú chuig comharsanacht an Aontais agus chuig an Afraic, go bhféadfadh tionchar dearfach a bheith aige sin ar a bhfás eacnamaíoch inbhuanaithe, glas, cuimsitheach agus athléimneach, agus ar leasanna straitéiseacha AE;

14. ag tabhairt dá haire go raibh slabhraí soláthair agraibhia AE fós ag feidhmiú le linn na paindéime ach á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil srianta ar onnmhairiú agus bacainní trádála ina gcúis le go leor suaití ina leith; ag tabhairt dá haire, maidir le Córas Faisnéise an Mhargaidh Talmhaíochta (AMIS), lena dtugtar le chéile na príomhthíortha trádála tráchtearraí talmhaíochta, agus é mar aidhm leis sin feabhas a chur ar thrédhearcacht sa mhargadh bia agus ar an bhfreagairt bheartais maidir le slándáil bia, gur féidir é sin a mheas mar shampla den dea-chleachtas; á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí an tsamhail sin a úsáid i slabhraí luacha eile chomh maith; ag tacú le gníomhaíochtaí lena n-éascófar trádáil d'fhonn caighdeáin sábháilteachta bia agus bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta a chur chun cinn mar fhreagairt ar COVID-19; ag tabhairt dá haire, de réir Chlár Domhanda Bia na Náisiún Aontaithe (WFP), de bharr COVID-19 go raibh 265 mhilliún duine i mbaol géarghanntanais bhia in 2020 i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim, suas le130 milliún duine níos mó i gcomparáid le

2019; ag iarraidh ar an gCoimisiún na bearta is iomchuí a shainaithint agus scrúdú i gcomhar leis na Náisiúin Aontaithe chun a chinntiú nach mbeidh géarchéim bhia sa domhain i mbéal forbartha de bharr na paindéime seo;

15. á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis trádála digití a cheapadh a dhéanfaidh an rochtain atá ag gnólachtaí Eorpacha ar an margadh a mhéadú, bonneagar digiteacha a neartú, creataí rialála a chomhchuibhiú, uirlisí trádála agus custaim a nuachóiriú agus cearta shaoránaigh AE a chosaint faoi RGCS[17];

16. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú críochnúil a dhéanamh féachaint an gcaomhnóidh clásal múnla nua an Aontais maidir le sreafaí sonraí cosaint sonraí agus cearta príobháideachais na nEorpach i gcás díospóide le comhpháirtí trádála; á chur i bhfáth nár cheart go mbainfeadh comhaontuithe idirnáisiúnta trádála an bonn de bhearta atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo lena dtugtar cosaint do chearta bunúsacha chun príobháideachta agus cosaint sonraí pearsanta; ag tathant ar an gCoimisiún chun gealltanais ábhartha tríú tíortha a chur san áireamh nuair a dhéanfar a leordhóthanacht a mheas, lena n-áirítear maidir le sonraí a aistriú ar aghaidh;

17. á chur i bhfios go láidir go bhfuil dlús curtha leis an réabhlóid dhigiteach mar gheall ar COVID-19 agus á aithint a thábhachtaí atá sé go mbeadh AE ar thús cadhnaíochta maidir le caighdeáin a leagan síos do gheilleagar domhanda a bheidh inbhuanaithe agus digiteach agus maidir le sreafaí sonraí idirnáisiúnta a choimeád ar oscailt chun an ceann is fearr a fháil ar raon bacainní trádála agus scrogall go mear; á chur i bhfios go láidir gur féidir leis an Aontas caighdeán domhanda a shocrú do thrádáil dhigiteach atá cothrom agus athléimneach ina chaidrimh dhéthaobhacha agus iltaobhacha agus sa chaibidlíocht iltaobhach maidir leis an ríomhthráchtáil agus éascú na hinfheistíochta; á chur i bhfios go láidir gur féidir leis an gcaibidil dhigiteach sa Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a bheith ina eiseamláir do chomhaontuithe trádála amach anseo;

18. á iarraidh go dtabharfaí dreasachtaí do ghnólachtaí AE, lena n-áirítear trí bhíthin forálacha dlíthiúla saincheaptha maidir le Státchabhair, chun a slabhraí soláthair a dhéanamh níos inbhuanaithe agus a ghiorrú nó a choigeartú i gcásanna ina bhféadfadh sé a bheith tairbhiúil do gheilleagar, athléimneacht, cuspóirí geopholaitiúla agus/nó uathriail straitéiseach an Aontais, chun a áirithiú go ndéanfar costais shóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíocha sheachtracha a inmheánú go hiomlán sa phraghas i gcomhréir le beartais de chuid AE amhail an Straitéis 'ón bhFeirm go dtí an Forc', an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach, an Straitéis Bhithéagsúlachta agus chun dlús a chur le gníomhaíocht AE chun foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú;

19. á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú críochnúil a dhéanamh ar conas a dhéantar agus a mhéid a dhéantar aistrithe ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí suaiteach, ar aistrithe iad ón Aontas go stáit fhorlámhacha trí shreafaí trádála agus infheistíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún bearta nua a mholadh chun

[17] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

teorainn a chur le haistrithe den sórt sin, lena n-áirítear comhar slabhra soláthair le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis; á iarraidh go gcuirfear tús le hidirphlé leis an Téaváin ar leathsheoltóirí ;

***Beartas trádála maidir le táirgí sláinte ríthábhachtacha: ceachtanna a foghlaimíodh ó ghéarchéim COVID-19***

20. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról riachtanach ag rialachas trádála idirnáisiúnta, lena gcuirtear comhar idirnáisiúnta os cionn na hiomaíochta, i bhforbairt thapa cóireálacha leighis agus vacsaíní, in uas-scálú mear an táirgthe, i bhforbairt slabhraí luacha domhanda athléimneacha agus i rochtain chothrom ar an margadh domhanda, agus, sa chomhthéacs sin, á chur i bhfios gur cheart don phaindéim reatha spreagadh a thabhairt don chomhar idirnáisiúnta neartaithe agus don ullmhacht dhomhanda le haghaidh éigeandálaí sláinte, lena n-éilítear tuilleadh rannpháirtíochta ón Aontas agus ó na Ballstáit agus iad ag gníomhú le chéile mar 'Fhoireann na hEorpa'; á chur i bhfios go láidir an gá atá le haghaidh a thabhairt ar chúiseanna paindéimí agus zónóisí a bhaineann le trádáil, amhail iarmhairt na trádála ar dhíghrádú an bhithsféir;

21. á chur in iúl gur geal léi an togra ó roinnt ceannairí rialtais le haghaidh conradh idirnáisiúnta maidir leis an bhfreagairt ar an bpaindéim agus á iarraidh go mbeadh colún láidir trádála ann; á chur i bhfios go láidir leis an gcreat trádála idirnáisiúnta, nach mór go gcothófar comhar a chothú agus go gcuirfear ar bun sásraí freagartha struchtúrtha agus sásraí mearfhreagartha araon chun cabhrú le rialtais na dúshláin a bhaineann le héigeandálaí sláinte a réiteach; á chur i bhfios go láidir gur cheart go gcuimseofaí, ar thaobh amháin, i socruithe den sórt sin, cur chuige atá dírithe 'ar thaobh an éilimh', lena soláthrófar maoiniú comhpháirteach agus réamhcheannacháin a bheidh comhordaithe ar fud an domhain, agus, ar an taobh eile, straitéis chomhtháite 'ar thaobh an tsoláthair' chun uas-scálú a dhéanamh ar an acmhainneacht táirgeachta feadh an tslabhra luacha ar fad; ag áitiú gur gá dul chun cinn a dhéanamh i réimsí na trédhearcachta maidir le stoic atá ar fáil, líonraí soláthair domhanda, acmhainneachtaí táirgthe agus praghsáil táirgí riachtanacha sláinte, cur chun feidhme agus forbairt eisceachtaí don tslándáil sláinte poiblí sa chreat um chearta maoine intleachtúla, soghluaisteacht dhomhanda seirbhísí riachtanacha a mhéadú, athléimneacht fiontar beag agus meánmhéide (FBManna) a chosaint agus a chothú, agus cur chuige trasnach a fhorbairt chun dul i ngleic le tionchar diúltach géarchéimeanna sláinte ar chomhionannas inscne, ar chomhionannas ioncaim, agus ar sheasamh na mionlach;

22. á iarraidh go mbunófaí Coiste nua um Thrádáil agus Sláinte ag an 12ú Comhdháil Aireachta de chuid EDT chun treoirlínte a ullmhú maidir leis an gcaoi ar féidir le rialtais na heisceachtaí agus na solúbthachtaí atá ann cheana sa dlí trádála idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm ionas go méadófar slándáil na sláinte poiblí, agus cad iad na sásraí is gá a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar an bhfreagairt dhomhanda ar éigeandálaí sláinte agus chun an bhunchloch a leagan síos le haghaidh colún trádála don chaibidlíocht maidir le conradh idirnáisiúnta amach anseo maidir leis an bhfreagairt phaindéimeach;

23. á chur i bhfáth nach mór do shlabhraí soláthair domhanda d'amhábhair agus do tháirgeadh agus dáileadh vacsaíní leas a bhaint as caidreamh trádála oscailte; á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh caomhnaitheacht maidir le táirgeadh agus dáileadh vacsaíní bac a chur ar an bhfreagairt ar an bpaindéim dhomhanda; ag cur béim, i ndáil

leis sin, ar na héifeachtaí díobhálacha a bhíonn ag bearta aontaobhacha amhail srianta agus cosc ar onnmhairiú, easpa trédhearcachta maidir le stoic dhomhanda agus an anhamhantraíocht praghsanna a dhéantar ina dhiaidh sin maidir le hearraí bunriachtanacha atá gann, lena n-áirítear, a oiread le tíortha eile, i gcás tíortha ísealioncaim agus meánioncaim; á iarraidh, dá bhrí sin, go spreagfadh an tAontas Eorpach tionscnamh trádála agus sláinte na hEagraíochta Domhanda Trádála a ghlacadh faoi dheireadh 2021, comhar domhanda níos láidre a spreagadh agus a bheith i bhfad níos éilithí maidir le trédhearcacht soláthair, táirgthe agus costais táirgí leighis, maidir le hathléimneacht na gcóras cúraim sláinte domhanda, agus maidir le táirgí agus seirbhísí leighis atá inrochtana agus inacmhainne; á iarraidh ar AE a áirithiú go ndéanfar nochtadh iomlán ar chomhaontuithe réamhcheannaigh amach anseo, go háirithe i gcás vacsaíní den chéad ghlúin eile;

24. á iarraidh ar AE gealltanais maidir le rúin trádála, sonraí dílseánaigh agus aistrithe teicneolaíochta a chomhtháthú, agus á éileamh go mbeadh an trédhearcacht is gá ann ó sholáthróirí, lena n-áirítear measúnú costais is brabúis in aghaidh an táirge;

25. á chur in iúl gur cúis bhuartha di, dá bhrí sin, an méadú nua atá tagtha ar shrianta a bheith á gcur ag príomhthíortha monaraíochta amhail Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Ríocht Aontaithe, an tSín agus an India agus, ar leibhéal níos ísle, AE ar onnmhairiú vacsaíní agus ag cur béim ar an bhfíoras go bhféadfadh sé sin an t-uas-scálú domhanda mear ar acmhainneacht táirgthe vacsaíní a chur i mbaol, cur as do shlabhraí táirgthe agus go bhféadfadh frithbheart tarlú mar thoradh air; ag tathant ar an gCoimisiún dul i dteagmháil le tíortha is táirgeoir chun deireadh a chur go mear le bacainní ar onnmhairiú; á athdhearbhú gur beart sealadach é sásra údaraithe onnmhairiúcháin, nach n-úsáidfear ach mar rogha dheireanach, agus gur cheart go n-athródh sé ina shásra trédhearcachta; á áitiú go bhfaighfear rochtain thráthúil agus chuimsitheach ar na sonraí sin; ag cur béim ar an bhfíoras gur mó an mhuinín atá ag saoránaigh an Aontais as an bhfeachtas vacsaíní agus as bainistiú phaindéim COVID-19 de bharr breis trédhearcachta;

26. á chur in iúl gur cúis mhór imní di an méadú atá ag teacht ar líon na n-athraitheach de COVID-19; ag cur béim ar an bhfíoras go bhféadfadh méadú ar chineálacha athraithigh nua agus éagsúla a bheith mar thoradh ar an easpa táirgthe agus dáilte vacsaíní i dtríú tíortha; á aithint go bhfuil AE ar cheann de na honnmhaireoirí vacsaíní is mó chuig tríú tíortha, ach nach leor, i ndearbhthéarmaí, na honnmhairí sin chun dul i ngleic leis an bpaindéim dhomhanda; ag cur i bhfáth nach féidir le Saoráid COVAX vacsaíní a dháileadh ar na daoine is leochailí i gcomhréir leis an éileamh faoi láthair; á chur i bhfios go láidir go bhféadfaidh rochtain thráthúil dhomhanda ar vacsaíní a bheith chun tairbhe théarnamh agus athléimneacht an gheilleagair dhomhanda, mar aon le geilleagair AE; ag tathant ar an gCoimisiún taidhleoireacht éifeachtach vacsaíní agus soláthair leighis a shaothrú chun creidiúnacht agus infheictheacht taidhleoireachta an Aontais a neartú agus á iarraidh go ndéanfar tuilleadh iarrachtaí idirnáisiúnta chun dlús a chur le seachadadh vacsaíní chuig COVAX;

27. á chur i bhfios go láidir gur cheart gur chun leasa an phobail dhomhanda atá na vacsaíní in aghaidh COVID-19 agus in aghaidh a chuid athraitheach, agus gur cheart iarrachtaí iltaobhacha práinne a dhíriú ar dháileadh cothrom vacsaíní ar fud an domhain, ar dhlús mear a chur le hacmhainneachtaí táirgthe domhanda, agus ar chomhpháirtíochtaí agus

aistrithe teicneolaíochta domhanda a bhunú, lena n-áirítear i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil sé ríthábhachtach, bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh, leanúint d'fheabhas a chur ar chreataí comhpháirtíochta poiblí-príobháideacha atá mar bhonn le forbairt agus táirgeadh vacsaíní agus teicneolaíochtaí sláinte riachtanacha eile; á chur in iúl gur geal léi an Cruinniú Mullaigh Domhanda maidir le Slabhra Soláthair Domhanda Vacsaíní C19 agus Monaraíocht Dhomhanda Vacsaíní C19 a tionóladh an 8-9 Márta 2021 agus á iarraidh go mbunófaí ardáin struchtúracha chun dlús a chur go tapa le táirgeadh vacsaíní i níos mó tíortha, a d'fhéadfadh a bheith ina theach imréitigh comhpháirtíochta poiblí-príobháideacha chun páirtithe príobháideacha agus poiblí a thabhairt le chéile chun comhpháirtíochtaí a chumasú agus a uas-scálú, chun faireachán a dhéanamh ar scrogaill agus chun bearta chun tacú le monarú agus imscaradh vacsaíní a shainaithint; á chur i bhfios go láidir na hiarrachtaí atá déanta ag Ard-Stiúrthóir EDT chun comhaltaí a thabhairt chun cinn san idirphlé ar thionscnaimh trádála agus sláinte;

28. ag cur béim ar an bhfíoras nach mór ról réamhghníomhach a bheith ag beartas trádála idirnáisiúnta san iarracht sin trí thrádáil in amhábhair nua a éascú, trí ghanntanais pearsanra cáilithe a bhfuil taithí acu a mhaolú, trí fhadhbanna sa slabhra soláthair a réiteach agus trí fhéachaint arís ar an gcreat domhanda maidir le cearta maoine intleachtúla do phaindéimí amach anseo; á áitiú, i ndáil leis sin, go mbeadh idirphlé cuiditheach ann faoi tharscaoileadh sealadach Chomhaontú EDT maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil (TRIPS) chun a áirithiú nach ndéanfaí frithbhearta ar thíortha maidir le sáruithe paitinne le linn na paindéime a bhaineann le COVID-19;

29. á chur i bhfios go láidir go ndearna taighdeoirí agus an tionscal iarrachtaí móra maidir le diagnóis, cóireálacha agus vacsaíní nua COVID-19 a fhorbairt; ag cur béim ar an ról lárnach atá ag acmhainní na hearnála poiblí, lenar lamháladh do chuideachtaí cógaisíochta an riosca a bhain leis an slabhra luacha vacsaíní ina iomláine a dhíchur trí chistiú agus fóirdheontais mhóra le haghaidh taighde agus forbartha, agus trí chomhaontuithe réamhcheannaigh ar mhórscála; á chur i bhfios go láidir chomh maith rannchuidiú bunúsach na n-oibrithe cúraim sláinte, na n-othar, marthanóirí COVID-19 agus an phobail i gcoitinne a bhí rannpháirteach i dtrialacha cliniciúla agus i ngníomhaíochtaí eile a bhaineann le taighde agus forbairt ar theiripí agus vacsaíní éagsúla; á mheas go bhféadfaí, le creat dlíthiúil iltaobhach maidir le cearta maoine intleachtúla, cosaintí agus dreasachtaí a chur ar fáil atá ríthábhachtach don ullmhacht i gcoinne paindéimí a bheidh ann amach anseo agus ag aithint an róil atá aige chun an comhar leathan, nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe, a éascú idir rialtais, institiúidí taighde agus cuideachtaí cógaisíochta;

30. ag cur béim ar a ríthábhachtaí atá an teicneolaíocht oscailte, an fios gnó agus taighde a roinnt ar mhaithe le freagairt éifeachtach phaindéimeach agus le rannpháirtíocht iomlán na gcuideachtaí cógaisíochta i dtionscnaimh iltaobhacha amhail C-TAP (an Díorma Rochtana ar Theicneolaíocht COVID-19) agus Mol Aistrithe Theicneolaíochta EDS a bunaíodh le déanaí chun lántairbhe a bhaint as na tionscnaimh sin;

***Trádáil agus forbairt inbhuanaithe***

31. ag tacú le príomhshruthú an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus na Straitéise

Eorpaí Digití sa teachtaireacht maidir leis an Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála (TPR) agus á iarraidh go mbeadh beartas trádála teanntásach ann a bheadh dírithe ar an iltaobhachas, athléimneacht agus inbhuanaitheacht i gcomhréir le tiomantas an Aontais do chur chun feidhme Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe; á iarraidh go mbeadh plean gníomhaíochta nithiúil, treochlár agus amlíne ann chun an uaillmhian sin a chur i gcrích; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, dul i dteagmháil le comhpháirtithe chun comhaontuithe trádála agus infheistíochta atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta trí úsáid a bhaint as na clásail athbhreithnithe atá acu;

32. á chur in iúl gur geal léi ionchorprú Chomhaontú Pháras mar ghné bhunriachtanach i ngach comhaontú trádála, infheistíochta agus comhpháirtíochta amach anseo; á chur i bhfáth gur ceanglais iad daingniú chroíchoinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) agus urraim do chearta an duine chun comhaontuithe saorthrádála a thabhairt chun críche; á iarraidh ar an Aontas dul i dteagmháil leis na comhpháirtithe trádála reatha agus a bheith ann amach anseo chun coinbhinsiúin eile EIS agus comhaontuithe iltaobhacha comhshaoil atá fós gan réiteach a dhaingniú agus a chur chun feidhme go héifeachtach nuair a bheidh comhaontuithe á n-athbhreithniú agus á gcaibidliú; á iarraidh go mbeadh caibidlí uaillmhianacha maidir le hinscne, cumhachtú na mban agus FBManna, mar aon le caibidlí tiomnaithe maidir leis an trádáil dhigiteach, san áireamh i ngach comhaontú trádála;

33. á chur i bhfios go láidir gur deis uathúil é téarnamh iar-COVID-19 chun an clár oibre a leagan síos chun fás inbhuanaithe a chur chun cinn; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, dlús a chur lena athbhreithniú in 2021 ar an bplean gníomhaíochta 15 phointe maidir le caibidlí TSD ionas gur féidir é a chur chun feidhme sa chaibidlíocht reatha; ag dréim leis go dtabharfaidh an t-athbhreithniú aghaidh ar in-fhorfheidhmitheacht agus ag meabhrú, i ndáil leis sin, an pháipéir leathoifigiúil ón Ísiltír agus ón bhFrainc maidir le trádáil, éifeachtaí eacnamaíocha sóisialta agus forbairt inbhuanaithe[18]; á mholadh, gur cheart, ar a laghad, an dul chun cinn a rinneadh le déanaí maidir le hin-fhorfheidhmitheacht bheartas trádála an Aontais a bhreithniú, eadhon an cumas dul i ngleic le haon neamhchomhlíonadh ag comhpháirtithe trí smachtbhannaí aontaobhacha mar rogha dheireanach, amhail taraifí nó cuótaí ar tháirgí áirithe a thabhairt isteach nó codanna eile de chomhaontú a thras-fhionraí;

34. á iarraidh ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún forálacha maidir le leas ainmhithe, trádáil chóir agus an geilleagar ciorclach a áireamh i gcaibidlí TSD agus caibidlí talmhaíochta; ag cur béim ar ról an Phríomhoifigigh Forfheidhmithe Trádála i ndáil leis sin agus á iarraidh go mbeadh dlúthchomhar ann leis an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta de chuid Pharlaimint na hEorpa maidir le faireachán agus grinnscrúdú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú TSD; á iarraidh ar an gCoimisiún leas a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh ó phainéal saineolaithe le déanaí ionas go n-áireofar i gcaibidlí TSD treochlár ina mbeidh gealltanais nithiúla agus infhíoraithe;

35. á chur in iúl gurb oth léi go gcuirtear cóir fhabhrach go fóill ar dhonnearraí i gcomparáid le hearraí glasa agus go bhfuil taraifí agus bacainní trádála ag oibriú in

[18] *Non-paper from the Netherlands and France on trade, social economic effects and sustainable development* [Páipéar leathoifigiúil ón Ísiltír agus ón bhFrainc maidir le trádáil, éifeachtaí eacnamaíocha sóisialta agus forbairt inbhuanaithe], arna rochtain ag 'the Netherlands at International Organisations (permanentrepresentations.nl)'.

aghaidh trádáil inbhuanaithe; á chur i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh an bhaint de tharaifí agus bacainní trádála maidir le hearraí agus seirbhísí glasa á dearadh i gcomhoiriúnt le rialacha EDT chun rannchuidiú le réitigh nuálacha chun an ghéarchéim aeráide a chomhrac agus chun rannchuidiú le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, mar aon leis na SDGanna agus leis an bhforbairt inbhuanaithe ar fud an domhain; á iarraidh go bhféachfaidh an Coimisiún ar ionstraimí chun dul i ngleic leis an saobhadh sin agus chun beart a dhéanamh de réir bhriathair an Chomhaontaithe Ghlais trína chur chun feidhme i ngach gné den bheartas trádála;

36. á chur i bhfios go bhfuil ardchostais tosaigh, nach bhfaighfear a luach astu ach le himeacht ama, agus
go bhfuil easpa feasa gnó agus trealaimh, ag cur bac nó moill ar thíortha i mbéal forbartha faoi láthair maidir lena aistrithe glasa agus digiteacha; á éileamh go mbainfidh an Coimisiún úsáid as na hionstraimí trádála agus na beartais comhair um fhorbairt uile atá ar fáil dó chun tacaíocht airgeadais, cúnamh teicniúil, aistrithe teicneolaíochta, fothú acmhainneachta agus an digitiú a mhéadú chun tíortha i mbéal forbartha a chumhachtú agus chun a chur ar a gcumas athléimneacht inbhuanaithe a bhaint amach agus dícheall cuí a chur chun feidhme feadh an tslabhra soláthair ar bhonn níos fearr;

37. á iarraidh go nglacfaidh AE ról ceannasach laistigh den chreat iltaobhach chun teagmháil a dhéanamh le tíortha atá ar aon intinn leis agus le comhpháirtithe trádála chun clár oibre láidir comhshaoil a shaothrú, lena n-áirítear disciplíní a fhorbairt de réir a chéile, chun deireadh a chur le fóirdheontais díobhálacha i gcomhaontuithe trádála agus in EDT lena ndéantar an margadh a shaobhadh agus dochar don chomhshaol, lena n-áirítear disciplíní maidir le fóirdheontais do bhreoslaí iontaise, ag tógáil ar an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh';

38. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé measúnuithe tionchair inbhuanaitheachta a dhréachtú ar bhonn *ex ante*, idirmheánach agus *ex post*, ag leanúint amlíne nithiúil, lena dtabharfaí aghaidh ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a luaithe is féidir, agus, más léir ó na meastóireachtaí *ex post* gur gá déanamh amhlaidh, aghaidh a thabhairt ar na tionchair dhiúltacha; á iarraidh ar an gCoimisiún an Pharlaimint a chur ar an eolas go rialta maidir leis na measúnuithe tionchair inbhuanaithe leanúnacha agus críochnaitheacha; á chur i bhfáth gur gá creat cuimsitheach a fhorbairt lena ngabhfadh spriocanna nithiúla chun SDGanna, an Comhaontú Glas agus Clár Oibre EIS um Obair Chuibhiúil a chur chun cinn i gcomhaontuithe trádála agus infheistíochta; ag cur béim ar an bhfíoras nár cheart na comhaontuithe nua a thabhairt i gcrích go dtí go mbeidh na spriocanna sin comhlíonta agus gur cheart na comhaontuithe atá ann cheana a athbhreithniú dá réir sin;

39. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil trédhearcacht, idirphlé agus dea-chumarsáid le saoránaigh agus le geallsealbhóirí ríthábhachtach chun tacaíocht a thabhairt do bheartas trádála agus leas a bhaint as a bhuntáistí; á chur in iúl gur geal léi, dá bhrí sin, tairseach Access2Markets agus iarrachtaí an Choimisiúin an uirlis sin a chur chun cinn; á áitiú, maidir leis an tsochaí shibhialta agus na grúpaí comhairleacha baile (DAGanna), arbh fhéidir a ról faireacháin a leathnú tuilleadh, nach mór a ról agus a bhfreagrachtaí a shainiú go soiléir i gcomhaontuithe polaitiúla agus trádála AE agus nach mór bearta forbartha acmhainní a bheith ag gabháil le cúnamh airgeadais ionas go mbeidh sé in ann feidhmiú go héifeachtach; ag cur béim ar an acmhainneacht atá ag toscaireachtaí an Aontais tacú leis an obair a dhéanann DAGanna ó thríú tíortha agus faireachán a

dhéanamh ar chomhaontuithe trádála agus iad a chur chun feidhme, agus aird ar leith á tabhairt ar thacaíocht a thabhairt do FBManna leas a bhaint as comhaontuithe agus as bearta éascaithe trádála; á chur in iúl gur saoth léi easpa struchtúir uileghabhálaigh i ndáil leis sin;

40. á chur i bhfáth an gá atá le níos mó comhleanúnachais agus trédhearcachta maidir le grinnscrúdú a dhéanamh ar bheartas trádála AE; á chur i bhfios go láidir an gá atá le critéir chomhleanúnacha, shoiléire, intomhaiste agus oibiachtúla do bheartas trádála AE agus le haghaidh rannpháirteachas shaoránaigh AE, idirphlé níos fearr idir an Coimisiún agus an Pharlaiminte, níos mó comhleanúnachais beartais agus grinnscrúdú níos fearr ar gach gné den bheartas trádála; ag cur béim ar ról na measúnuithe tionchair inbhuanaithe *ex ante*, idirmheánach agus *ex post* i ndáil leis sin; á iarraidh ar an gCoimisiún teagmháil a dhéanamh leis an bParlaimint ag gach céim dá thograí, obair leantach a dhéanamh ar na tograí a rinne na DAGanna, an t-idirphlé leis an tsochaí shibhialta a athbheochan agus comhoibriú níos déine leis an tsochaí shibhialta i gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE); á iarraidh ar an bParlaimint comhairliúcháin rialta a struchtúrú leis na DAGanna;

***Iltaobhachas agus áit gheopholaitiúil na hEorpa ar domhan***

41. á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhaíochtaí nithiúla agus sonracha a shainaithint mar aon le treochlár chun coincheap an neamhspleáchais straitéisigh oscailte a chur chun feidhme, agus chun a áirithiú go bhfuil gach rogha leagtha síos; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur cuireadh le hiomaíocht gheopholaitiúil agus leis an teannas i ndiaidh ráig COVID-19;

42. ag meabhrú na tábhachta geopholaitiúla a bhaineann le beartas trádála AE atá láidir, éagsúlaithe agus athléimneach; á mheabhrú gur dúshlán é ardráta spleáchais fuinnimh an Aontais maidir le huathriail straitéiseach oscailte, rud a chuireann iallach orainn dlús a chur leis an aistriú fuinnimh; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh neart margaidh agus luachanna AE, agus AE ag bheith ag cloí le comhar, cómhalartacht agus trádáil riailbhunaithe, mar bhunús lenár n-oscailteacht;

43. á mholadh go láidir go lorgóidh AE comhpháirtíochtaí le comhpháirtithe nua agus go ndaingneoidh sé comhpháirtíochtaí le comhpháirtithe reatha atá ar aon intinn leis; á mheas go gcuireann comhaontuithe trádála ilpháirtithe le líon teoranta comhpháirtithe agus béim ar shaincheisteanna straitéiseacha bealach níos fearr agus níos nithiúla ar fáil chun coincheap na huathrialach straitéisí oscailte a chur chun feidhme agus go meallfaí tacaíocht i measc na sochaí sibhialta leo;

44. á chur i bhfáth, áfach, i gcás nach féidir dul i mbun comhair, gur cheart do AE a leasanna a shaothrú trí bhearta uathrialacha chun a luachanna a chosaint agus chun cleachtais trádála éagóracha a chomhrac i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta;

45. á chur in iúl gur geal léi an dearbhú a rinneadh in TPR maidir le hiltaobhachas agus na tograí fairsinge a rinneadh le haghaidh an athchóirithe dhomhain is gá a dhéanamh ar EDT ar fud a fheidhmeanna;

46. ag aontú leis an mbéim atá á cur ag an gCoimisiún ar a fhís d'athchóiriú na EDT ar théarnamh eacnamaíoch, ar fhorbairt inbhuanaithe, ar fhóirdheontais éagóracha stáit

agus ar thrádáil dhigiteach, agus ag tathant ar an gCoimisiún gach iarracht a dhéanamh chun a chlár oibre a chur chun feidhme, lena n-áirítear spriocanna maidir le hinscne, cearta an duine agus caighdeáin saothair;

47. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh nasc tapa idir EDT agus eagraíochtaí eile sa chóras iltaobhach amhail EDS, teacht ar chomhthoil sa Ghinéiv, a áirithiú go n-oibreoidh eagraíochtaí idirnáisiúnta go comhpháirteach chun dúshláin dhomhanda a réiteach, agus an chaibidlíocht maidir le fóirdheontais iascaigh a thabhairt chun críche ag an 12ú Comhdháil Aireachta de chuid EDT;

48. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá tionscnamh trádála agus aeráide EDT agus á athdhearbhú a tacaíocht do chomhaontú maidir le hearraí comhshaoil; á chur in iúl gur geal léi, sa chomhthéacs sin, cur chuige Ard-Stiúrthóir nua EDT agus ag dréim leis go dtacóidh an Coimisiún léi go láidir chun spreagadh nua a thabhairt don eagraíocht ionas go mbeidh sí in ann dul i ngleic leis na dúshláin atá roimh an gcóras trádála iltaobhach faoi láthair;

49. á chur i bhfáth an tábhacht a bhaineann le réiteach éifeachtach díospóide maidir le cobhsaíocht agus intuarthacht a bhunú sa chóras iltaobhach trádála agus ar an ngá atá ann staid reatha an Bhuanchomhlachta Achomhairc a réiteach i gcomhar leis na Stáit Aontaithe, chun é a chur ag feidhmiú arís agus ar an gcaoi sin a áirithiú gur féidir díospóidí trádála a réiteach mar is ceart; á iarraidh ar an gCoimisiún a mholadh mar chuid de thionscnamh trádála agus aeráide EDT go n-áireofar saineolas comhshaoil i gcomhthéacs réiteach díospóidí, i gcás inarb ábhartha;

50. ag cur béim ar an bhfíoras go mbeidh ról lárnach ag athbheochan fheidhm chaibidlíochta EDT in aon athchóiriú suntasach ar an eagraíocht; ag tabhairt dá haire, go háirithe, nach mór aghaidh a thabhairt ar an saobhadh iomaíochta a eascraíonn as fóirdheontais thionsclaíocha agus fiontair faoi úinéireacht stáit, go háirithe sa tSín, agus á iarraidh ar an gCoimisiún tograí a chur ar aghaidh chun catagóirí fóirdheontas a shainaithint agus a idirdhealú de réir a rannchuidithe le spriocanna poiblí dlisteanacha;

51. á chur i bhfios go láidir chun feidhm caibidlíochta EDT a athbheochan, ní mór don Aontas oibriú i gcomhar le comhpháirtí atá ar aon intinn leis chun teacht ar chomhthuiscint maidir le hathchóiriú EDT sa chiall is leithne; á athdhearbhú gur gá comhthoil leathan agus comhghuaillíochtaí comhpháirtí atá ar aon intinn leis a bheith ann chun dul chun cinn fónta a dhéanamh maidir le hathchóiriú EDT; á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de bheith i mbun caibidlíochta ilpháirtí mar chéim i dtreo comhaontuithe iltaobhacha; ag tacú leis an togra ón gCoimisiún tús a chur le caibidlíocht ar chomhaontú iltaobhach maidir le neodracht iomaíoch le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis; á chur in iúl go bhfuil sí lánchinnte de go bhfuil ceannaireacht AE agus comhar trasatlantach ríthábhachtach chun go n-éireoidh le haon athchóiriú fóinteach a dhéanfar ar EDT;

52. á iarraidh ar an gCoimisiún réiteach a shaothrú go gníomhach ar neamhréir idir an leibhéal forbartha agus an leibhéal gealltanais a tugadh laistigh den chóras idirnáisiúnta trádála; á chur i bhfáth gur gá aird ar leith a thabhairt ar thíortha i mbéal forbartha agus ar a riachtanais shonracha i ndáil leis an bhfás eacnamaíoch, leis an bhforbairt inbhuanaithe agus le hathchóiriú EDT;

53. á mheas go bhfuil sé riachtanach go rachadh an chéad Chomhdháil Aireachta EDT eile i ngleic le córas na smachtbhannaí chun cosc a chur ar na hiarmhairtí a bheadh ann dá ndéanfadh roinnt comhaltaí rialacha trádála idirnáisiúnta a shárú trí íocaíochtaí a fháil ó earnálacha nach bhfuil freagrach as neamhchomhlíonadh;

54. ag comhroinnt an molta a rinneadh in TPR gur cheart do G20 comhoibriú a neartú agus iarrachtaí a chomhordú ar a mbealach chun neodracht carbóin agus gnéithe eile den Chomhaontú Glas a bhaint amach; á chur i bhfáth, áfach, ionas go mbeidh an cur chuige sin éifeachtach, go mbeidh ar roinnt comhaltaí G20 a dtiomantas a mhéadú maidir le laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí; á iarraidh ar an gCoimisiún sásra éifeachtach coigeartaithe carbóin ar theorainneacha a chur ar fáil;

55. ag tacú leis an gclár oibre nua réamhbhreathnaitheach trasatlantach atá bunaithe ar chomhleasanna agus ar luachanna agus spriocanna comhroinnte, atá dírithe ar fhorbairt an chomhair eacnamaíoch agus trádála san Aigéan Ciúin a fhrithchothromú, chun athchóiriú fóinteach a dhéanamh ar EDT agus chun teacht ar réitigh choiteanna ar fhadhbanna coiteanna;

56. á aithint ag an am céanna go bhfuil roinnt leasanna atá an-éagsúil fós ann; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar riarachán SAM comhoibriú go dlúth lena chéile sa chomhthéacs polaitiúil nua chun machaire comhréidh a bhaint amach do ghnólachtaí chun rochtain margaidh a mhéadú do chuideachtaí an Aontais, leanúint de bheith ag féachaint ar chomhaontuithe maidir le measúnú comhréireachta agus deireadh a chur le taraifí tionsclaíocha, teacht ar chomhaontú maidir le caighdeáin uaillmhianacha shóisialta, theicneolaíocha agus chomhshaoil, agus tógáil ar thaithí a chéile go gcuirfear chun cinn na caighdeáin sin ar bhealach níos éifeachtúla ar an leibhéal domhanda;

57. ag tathant ar an dá thaobh díospóidí trádála déthaobhacha a réiteach, ag tacú le fionraí na dtaraifí Airbus-Boeing agus ag tathant orthu an cheist seo a shocrú go buan chun teacht ar réiteach ar chánacha digiteacha; ag tathant ar na Stáit Aontaithe mír 232 maidir le cruach agus alúmanam a bhaint;

58. á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí comhpháirteacha chun oibrithe agus cuideachtaí a chur i gcroílár an bheartais trádála chun teacht as an bpaindéim, chun dlús a chur leis an téarnamh eacnamaíoch agus chun trádáil i vacsaíní agus in earraí riachtanacha leighis a éascú; á athdhearbhú gur cheart dúinn oibriú le chéile chun athchóiriú fóinteach ar EDT a bhaint amach agus Buanchomhlacht Achomhairc dea-fheidhmiúil a athbhunú; á mholadh don dá thaobh cloí le gealltanais EDT faoin gComhaontú maidir le Soláthar Rialtais agus teacht ar chomhréitigh ar fhadhbanna coiteanna, ach á chur i bhfáth gur gá don Aontas gníomhú go huathrialaitheach más gá;

59. ag tacú leis an teachtaireacht chomhpháirteach dar teideal *A new EU-US agenda for global change* [Clár oibre nua AE-SA don athrú domhanda] agus á iarraidh go mbunófaí Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta nua AE-SAM go pras; á iarraidh go mbeadh dlúthchomhar idir AE agus SAM maidir le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí suaiteacha, lena n-áirítear srianta comhpháirteacha ar onnmhairiú agus ar allmhairiú i leith stáit fhorlámhacha;

60. á iarraidh ar an gCoimisiún trádáil, an aeráid agus athchóirithe gaolmhara a chur i gcroílár an chaidrimh thrasatlantaigh, agus aird á tabhairt ag an am céanna ar an

uaillmhian atá á léiriú ag rialtas nua na Stát Aontaithe sa réimse sin, ar cheart é a bheith bunaithe freisin ar chur chuige nua amhail na cuir chuige sin a tugadh isteach leis an Comhaontú idir Ceanada, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo (USMCA);

61. á chur in iúl gur eol di a thábhachtaí atá caidreamh trádála an Aontais leis an tSín, a bhí ar an gcomhpháirtí trádála is mó ag an Aontas in 2020 ó thaobh na trádála earraí de; á chreidiúint go daingean go dteastaíonn cur chuige níos cothroime agus níos cómhalartacha le caidreamh trádála AE-na Síne; á chur i bhfáth nach féidir tús a chur le próiseas daingniúcháin an Chomhaontaithe Chuimsithigh Infheistíochta idir an tAontas agus an tSín (CAI) go dtí go mbeidh dul chun cinn suntasach bainte amach ag an Aontais i mionshaothrú beart uathrialach, oiriúnach agus éifeachtach a bheidh le húsáid chun dul i ngleic le cleachtais a shaobhann an margadh agus chun leasanna straitéiseacha an Aontais a chosaint, lena n-áirítear toirmeasc ar tháirgí a dhéantar le saothar éigeantach, bosca uirlisí cosanta trádála uasghrádaithe agus sásra smachtbhannaí oibre maidir le cearta an duine;

62. ag cur i bhfios go láidir go bhfuil daingniú CAI doshamhlaithe i gcomhthéacs na dinimice athraithí sa chaidreamh níos leithne idir AE agus an tSín agus á mheas gur cúis an-bhuartha di an méadú do-ghlactha ón tSín maidir le Feisirí tofa de Pharlaimint na hEorpa agus eintitis Eorpacha a chur faoi smachtbhannaí, toisc go gcreimeann sé sin níos mó muiníne agus go gcuireann sé bac ar chomhar déthaobhach; ag cur i bhfios nach gcuirfear tús le próiseas daingniúcháin CAI go dtí go gcuirfear deireadh le smachtbhannaí na Síne i gcoinne Feisirí agus comhlachtaí na Parlaiminte;

63. ag cur i bhfios go ndéanfaidh an Pharlaimint grinnscrúdú cúramach ar an gcomhaontú, lena n-áirítear a chuid forálacha maidir le forbairt inbhuanaithe, agus á mheabhrú don Choimisiún go gcuirfidh sí staid chearta an duine sa tSín, lena n-áirítear i Hong Cong, san áireamh nuair a iarrfar uirthi tacú leis an gcomhaontú infheistíochta;

64. ag tathant ar an gCoimisiún bogadh ar aghaidh le comhaontú infheistíochta leis an Téaváin, ina léireofar tiomantas do rannpháirtíocht fhiúntach sa trádáil agus sa chaidreamh infheistíochta agus na céimeanna is gá a ghlacadh i dtreo measúnú tionchair, comhairliúchán poiblí agus cleachtadh scóipe roimh dheireadh 2021; á athdhearbhú a thábhachtaí atá an t-idirphlé déthaobhach struchtúrach, lena n-áirítear maidir le hábhair a bhaineann leis an iltaobhachas agus le EDT, le teicneolaíocht agus leis an tsláinte phoiblí, chomh maith le comhar riachtanach maidir le soláthairtí criticiúla amhail leathsheoltóirí;

65. á chur in iúl gur geal léi an rannpháirtíocht atá san Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála i leith na hAfraice agus i leith Chomharsanachtaí an Oirthir agus an Deiscirt agus á iarraidh go ndéanfar bearta nithiúla chun caidreamh AE leis na comhpháirtithe sin a dhoimhniú, lena n-áirítear i réimse an fhuinnimh;

66. á athdhearbhú a thábhachtaí atá comhpháirtíocht straitéiseach inbhuanaithe leis an Áise Thoir Theas agus leis an India; á iarraidh ar an gCoimisiún, sa chomhthéacs sin, leanúint de bheith i dteagmháil leis an réigiún agus caidreamh trádála bunaithe ar rialacha a chur chun cinn go réamhghníomhach le haghaidh straitéis Ind-Chiúin-Aigéanach chuimsitheach uaillmhianach;

67. á chur i bhfios go bhfuil paindéim COVID-19 tar éis aird a tharraingt ar thábhacht comhpháirtíochta nua le mór-roinn na hAfraice a chothóidh cur chuige beartais atá cuimsitheach agus inbhuanaithe; á chur i bhfios go láidir sa chomhthéacs sin gur gá aghaidh a thabhairt ar shaincheist na laghduithe fiachais agus cealuithe fiach; á chur i bhfáth nach mór don Aontas tacú go gníomhach le héagsúlú slabhraí luacha laistigh den Afraic;

68. á chur in iúl gur geal go mór léi gur tháinig Limistéar Saorthrádála Mór-roinne na hAfraice (AfCFTA) i bhfeidhm mar ionstraim chun tacú go gníomhach le comhtháthú réigiúnach, eacnamaíoch agus polaitiúil na hAfraice agus chun rochtain na hAfraice ar mhargaí domhanda a fheabhsú;

69. á chur i bhfios go láidir tábhacht thiomantas an Aontais dár gcaidreamh trádála le Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib, lena n-áirítear na tíortha agus críocha thar lear; á chur in iúl gur chúis bhuartha di an tionchar atá ag COVID-19, go háirithe ar mhná, sa réigiún sin;

70. á iarraidh ar institiúidí uile an Aontais ár gcomhar trádála agus forbartha a choinneáil mar thosaíocht agus athléimneacht níos fearr i gcoinne paindéimí agus éigeandálaí sláinte a fhorbairt; á iarraidh ar an gCoimisiún idirphlé struchtúrach a choinneáil ar bun le comhpháirtithe sna réigiúin thuasluaite chun na críche sin;

°

° °

71. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

De dheasca phaindéim COVID-19, tá an domhan mór suaite ar bhealach nach bhfacthas a leithéid riamh – ní hamháin gur tubaiste dhaonnúil atá sa phaindéim, ach tá sí ag cur isteach freisin ar ár gcórais eacnamaíocha agus trádála. Bíonn iarmhairtí dothuartha ar gach tír ar domhan maidir leis an tsláinte, an geilleagar agus córais shóisialta na saoránach. Agus seirbhísí agus monaraíocht dhomhanda á mbuaileadh ag éifeachtaí na paindéime, nochtadh ina dhiaidh sin na rioscaí a bhaineann le slabhraí luacha fadsínte, samhlacha táirgthe díreach in am agus spleáchais neamh-inmhianaithe. Ní mór aghaidh a thabhairt ar na leochaileachtaí i slabhraí luacha domhanda AE, ós rud é gur dócha go dtiocfaidh méadú amach anseo ar líon na suaití ón taobh amuigh amhail paindéimí, teagmhais adhaimsire, coinbhleacht pholaitiúil agus cibear-ionsaithe.

Rud atá ag cur leis an ngéarchéim reatha is ea an díomá mharthanach ar shaoránaigh san Eoraip a ghabhann le cineál athraitheach na hoibre agus cailliúint post in earnáil na dtionscadal déantúsaíochta. Mar thoradh ar an hipeardhomhandú, tá tionchar diúltach ar phá oibrithe agus ar an gcomhshaol, mar aon le caillteanas (fíor nó braite) na cumhachta atá ag rialtais an geilleagar agus beartais phoiblí a mhúnlú. Cé nach mbeidh sé mar thoradh ar fhreagairtí náisiúnacha agus ar chogaí trádála go dtiocfaimid as an ngéarchéim struchtúrach

sin, caithfear aird chuí a thabhairt ar na cúiseanna imní is bun léi agus caithfear na teipeanna ar an teagasc eacnamaíoch nualiobrálach a aithint. Is amhlaidh atá an cumas chun an córas trádála iltaobhach a mhúnlú i gceist le tacaíocht a thabhairt don chóras sin.

Is amhlaidh atá an cás freisin maidir le dul i ngleic le héifeachtaí sláinte na paindéime reatha. Cé nach bhfuil an víreas faoi réir aon teorainneacha náisiúnta, cuireadh an fhreagairt dhomhanda go mór faoi bhac mar gheall ar shrianta ar onnmhairí agus bacainní trádála, easpa trédhearcachta maidir leis na stoic a bhí ar fáil agus maidir le táirgeadh táirgí riachtanacha, agus institiúidí idirnáisiúnta lagaithe nach raibh ullmhaithe chun dul i ngleic le géarchéim den mhéid seo. Is é an cúram atá romhainn anois ná foghlaim ón staid reatha agus ár n-ullmhacht idirnáisiúnta do ghéarchéimeanna (sláinte) amach anseo a threisiú.

Is é athchóiriú a dhéanamh ar an mbeartais trádála traidisiúnta i bhfianaise na ndúshlán atá romhainn an t-aon bhealach chun cinn le rannchuidiú leis na hathruithe domhanda atá á n-éileamh ag ár saoránaigh. Caithfear dúshláin a iompú ina ndeiseanna agus caithfear poist atá inbhuanaithe agus níos fearr a chruthú dár saoránaigh. Ba cheart go mbeadh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, mar aon leis na 3 cholún – an geilleagar, an éiceolaíocht agus an beartas sóisialta – ag gníomhú mar uirlis threorach againn.

***Slabhraí luacha cothroma, athléimneacha agus glasa***

Cé gur lean an chuid is mó de na slabhraí luacha domhanda de bheith feidhmiúil, ní féidir a shéanadh gur tugadh spleáchais neamh-inmhianaithe chun solais mar gheall ar an bpaindéim, in earnálacha ríthábhachtacha amhail earnáil na cógaisíochta, táirgí leighis agus Trealamh Cosanta Pearsanta. Is amhlaidh is méadú tobann ar an éileamh agus briseadh isteach ar na slabhraí luacha domhanda ba chúis le ganntanais sa soláthar ach, maidir le roinnt leochaileachtaí straitéiseacha, amhail leochaileachtaí in earnáil na cógaisíochta, is léir go raibh siadsan ann roimh an bpaindéim, agus ba cheart iad sin a réiteach. Ní féidir leis an mbeartas trádála amháin na heasnaimh sin a réiteach, ach ba cheart é a bheith mar chuid de mheascán beartas dea-cheaptha chun cuideachtaí a spreagadh le stoc-charnadh a dhéanamh, straitéisí foinsithe a éagsúlú agus táirgeadh áitiúil a chur chun cinn. D’fhéadfadh sé gur uirlisí tábhachtacha chun an méid sin a bhaint amach a bheadh i gcoigeartú a dhéanamh ar chaighdeáin soláthair phoiblí, rochtain ar an margadh a mhéadú in earnálacha straitéiseacha, comhpháirtíochtaí straitéiseacha trádála agus infheistíochta a thabhairt chun críche agus rialacha dochta maidir le hInfheistíocht Dhíreach Eachtrach a choinneáil.

Mar fhreagairt ar na hábhair imní dhlisteanacha atá ann maidir le spleáchais neamh-inmhianaithe, tá an coincheap ‘Neamhspleáchas Straitéiseach Oscailte’ seolta ag an gCoimisiún Eorpach. Cé go gcuirtear níos mó ábhair ar fáil leis an Teachtaireacht maidir leis an Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála (TPR) maidir lena bhfuil i gceist leis an gcoincheap, chuirfí fáilte roimh ghníomhaíochtaí nithiúla agus treochlár chun é a chur chun feidhme. Ba cheart go mbeadh ár neart sa mhargadh, ár luachanna agus muid a bheith ag cloí le comhar, le cothroime agus le trádáil riailbhunaithe mar bhonn dár n-oscailteacht.

Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar sineirgí idir beartas trádála agus beartais inmheánacha amhail beartais thionsclaíocha, dhigiteacha agus chomhshaoil uaillmhianacha a chruthú le ‘Neamhspleáchas Straitéiseach Oscailte’. Leis an gcomhcheangal d’oscailteacht, de bheartas réamhbhreathnaitheach inmheánach agus de chosaint ar iomaíocht éagórach, ba cheart go

gcruthófaí na coinníollacha is gá chun a áirithiú gur in AE a dhéanfar táirgí na todhchaí, cibé acu carranna leictreacha nuálacha, grianphainéil scragaill tanaí nó ceimiceáin réabhlóideacha a bheadh ann.

Ba cheart, trí mhapáil earnálacha straitéiseacha AE, mar a fógraíodh in TPR, go bhfaighfí tuiscint níos fearr ar láidreachtaí agus laigí a slabhraí soláthair. Bunaithe ar an mapáil sin, ba cheart go sainaithneofaí bealaí chun athléimneacht slabhraí soláthair a mhéadú, mar shampla trí éagsúlú, trí stoc-charnadh nó trína gcur ar bun sa bhaile an athuair (lena n-áirítear cúlbhronnadh agus gar), rudaí a d'fhéadfadh deiseanna trádála nua a chruthú do chomhpháirtithe i gcomharsanacht na hEorpa.

***Beartas trádála maidir le táirgí sláinte ríthábhachtacha: ceachtanna a foghlaimíodh ó ghéarchéim COVID-19***

Tá ról cinntitheach ag beartas trádála idirnáisiúnta maidir le táirgeadh, dáileadh agus rochtain chothrom a neartú i dtaobh táirgí sláinte riachtanacha. Ó mhí an Mhárta 2020 i leith, tá roinnt céimeanna chun tosaigh iontacha tugtha ag an bpobal domhanda: tá laghdú tagtha ar ghanntanais ar Threalamh Cosanta Pearsanta, tá laghdú forleathan tagtha ar bhacainní ar allmhairiú agus ar onnmhairiú, agus tá tionscnaimh dhomhanda curtha ar bun chun comhar a mhéadú maidir le táirgeadh agus rochtain ar an margadh, amhail córais agus ardáin soláthair chomhpháirteacha chun monaróirí a mheaitseáil ar fud an tslabhra soláthair. Thar aon rud eile, mar gheall ar chomhar poiblí príobháideach ar fud an domhain nach bhfacthas a leithéid riamh, tá an iliomad vacsaíní éifeachtacha curtha ar fáil dúinn anois laistigh d'aon bhliain amháin. Mar sin féin, más mian linn téarnamh ón ngéarchéim seo agus srian a chur leis an mbagairt ó athraithigh dhainséaracha, ní mór dúinn leanúint den chomhar idirnáisiúnta a mhéadú, bosca uirlisí EDT agus EDS a neartú agus caitheamh leis na vacsaíní mar leas poiblí fíordhomhanda.

Táimid fós i bhfad ón idéal sin: léirítear i roinnt staidéar nach mbainfear amach cumhdach vacsaínithe forleathan roimh 2023, agus go mbeidh ar na tíortha is boichte fanacht go dtí 2024 ar a laghad sular féidir imdhíonacht tréada a bhaint amach. Ag an am seo, tá sé deacair a thuar cé mhéad dáileog is féidir a tháirgeadh ar bhonn bliantúil. In 2020, níor éirigh le táirgeoirí vacsaíní ach 3 % de na dáileoga a bhí beartaithe acu ar dtús a sholáthar agus, go dtí seo, níl formhór an táirgthe vacsaíní á dhéanamh ach i 13 thír ar fud an domhain. Tá ganntanas roinnt comhpháirteanna amhail fiala, lipidí agus málaí aonúsáide agus scagairí ag leanúint de bheith ina a chúis le scrogaill shuntasacha táirgthe. Ag an am céanna, tá fianaise ann go gcuireann AE, an Ríocht Aontaithe, SAM, an India agus an tSín, ar a laghad, srianta de chineál éigin i bhfeidhm ar onnmhairiú vacsaíní, rud a chuireann moill ar mhéadú na monaraíochta agus a d'fhéadfadh éifeacht athchomhairleach a bheith aige ar infheistíochtaí.

Is léir go bhfuil sé práinneach gach rud is gá a dhéanamh chun an mhonaraíocht a mhéadú agus chun tiúchan domhanda na hacmhainne monaraíochta a laghdú. Chuige sin, ní mór tionscnamh na hEagraíochta Domhanda Trádála a mhol grúpa Ottawa a thabhairt chun cinn go gasta. Le móriarracht pholaitiúil, d'fhéadfaí an fuinneamh a ghníomhachtú a theastaíonn chun teacht ar chomhaontú faoin gcéad chomhdháil aireachta eile de chuid EDT, ag deireadh na bliana 2021. D'fhéadfadh ról ríthábhachtach a bheith ag an Aontas Eorpach maidir le comhar trádála domhanda a neartú ach, roimhe sin, ní mór dó deireadh a chur lena shásra údaraithe onnmhairiúcháin agus dul i mbun rannpháirtíochta le tíortha táirgthe eile chun déanamh amhlaidh.

Ina theannta sin, tá ról soiléir ann d'institiúidí iltaobhacha maidir le hacmhainneacht mhonaraíochta a thabhairt do thíortha i mbéal forbartha, mar a léirítear leis an 'gCruinniú Mullaigh Domhanda maidir le Slabhra Soláthair Domhanda Vacsaíní C19 agus Monaraíocht Dhomhanda Vacsaíní C19' a tionóladh an 8-9 Márta 2021. Trí mhonaróirí ó thíortha forbartha agus ó thíortha i mbéal forbartha, chomh maith le rialtais, grúpaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí idirnáisiúnta (amhail EDS, GAVI agus CEPI) agus comhlachais ghnó (amhail an Cumann Idirnáisiúnta Lucht Tráchtála) a thabhairt le chéile, is cinnte go neartófar an ról a bheidh ag tíortha i mbéal forbartha i dtáirgeadh cógaisíochta sa todhchaí. D'fhéadfadh an t-éagsúlú méadaithe sin ar shlabhraí soláthair leighis dul chun tairbhe do neamhspleáchas straitéiseach an Aontais freisin, agus d'fhéadfaí é a éascú tuilleadh trí mheascán cliste beartais lena ngabhfadh úsáid trádála agus infheistíochta chomh maith le húsáid luamhán soláthair phoiblí.

Ag an am céanna, ní féidir neamhaird a dhéanamh de tharscaoileadh sealadach TRIPS do tháirgí sláinte riachtanacha COVID-19, toisc gur baolach go gcuirfidís le deighilt chontúirteach Thuaidh-Theas. Is léir ar fud an domhain a thábhachtaí a mheastar atá rochtain chothrom ar vacsaíní agus ar tháirgí eile leighis. Ba cheart an t-athmhuintearas sin a bheith fite fuaite leis an ngealltanas a tugadh féachaint arís ar chomhaontú TRIPS agus ar a sholúbthachtaí, ionas go mbeidh sé níos oiriúnaí don fheidhm le haghaidh paindéimí amach anseo.

***Trádáil agus forbairt inbhuanaithe***

Tá athrú cúrsa as cuimse tógtha ag an Eoraip, tríd an gComhaontú Glas don Eoraip, sprioc na neodrachta aeráide faoi 2050 agus na SDGanna a chur i gcroílár a ceaptha beartais agus trí dhíriú ar AE a stiúradh i dtreo sochaí a bheidh níos athléimní, níos inbhuanaithe agus níos córa. Mar sin féin, tá astaíochtaí gás ceaptha teasa atá leabaithe in allmhairí chuig AE ag dul i méid i rith an ama, agus is ionann iad anois agus níos mó ná 20 % dár n-astaíochtaí $CO_2$ intíre agus, ar an gcaoi sin, tá siad ag baint an bhoinn ó iarrachtaí an Aontais a lorg domhanda a laghdú agus an t-athrú aeráide a chomhrac.

Luaitear go sainráite in TPR gur cheart an beartas trádála a ailíniú leis an gComhaontú Glas. Ar thaobh amháin, ciallaíonn sé sin glacadh go hiomlán le prionsabal 'na neamhdhíobhála' agus deireadh a chur le cleachtais a dhéanann dochar do dhaoine, d'ainmhithe agus don phláinéid agus a bhaineann an bonn ó bheartas inbhuanaithe. Ar an taobh eile, éilítear leis beartas trádála a chur i bhfeidhm lena ndéanfar deiseanna de dhúshláin agus lena rannchuideofar go gníomhach le haistriú cóir agus inbhuanaithe a dhéanamh ar fud an domhain in ionad a bheith ag obair ina choinne. Léirítear i roinnt staidéar go bhfuil taraifí agus bacainní neamhtharaifí i bhfad níos ísle i gcás donntáirgí agus donnseirbhísí ná i gcás táirgí agus seirbhísí glasa. Má tá an tAontas chun beart a dhéanamh de réir bhriathair an Chomhaontaithe Ghlais, ba cheart go mbeadh sé mar aidhm aige a staid mar an dara margadh tomhaltóirí is mó ar domhan a úsáid chun clár oibre glas domhanda a leagan síos.

Ina theannta sin, ní hiad na costais chomhshaoil amháin na haon chostais ba cheart a chur san áireamh sa bheartas trádála: bíonn tionchar ag an gceannas eacnamaíoch domhanda atá ag cuideachtaí ilnáisiúnta móra agus ag a gcuid straitéisí íoslaghdaithe costas ar neamhionannas domhanda an ioncaim fheidhmiúil, de réir mar a laghdaíonn an fás tapa ar bhrabúis sciar ioncaim domhanda an tsaothair. Tá sé ríthábhachtach go dtabharfadh an beartas trádála

aghaidh ar sheachfhoinsiú costas sóisialta, ar dlúthchuid iad de shlabhraí luacha fadsínte agus de shamhlacha táirgthe díreach in am. Ba cheart don Aontas, dá bhrí sin, meascán beartais atá comhdhéanta de dhícheall cuí agus freagracht chorparáideach agus shóisialta a shaothrú, in-fhorfheidhmitheacht caibidlí Trádála agus Forbartha Inbhuanaithe a mhéadú, measúnuithe tionchair inbhuanaitheachta níos rialta agus níos cuimsithí a thabhairt isteach, mar aon le toirmeasc ar allmhairí ó shaothar éignithe.

***Iltaobhachas agus áit gheopholaitiúil na hEorpa ar domhan***

Is é an beartas trádála an ionstraim is cumhachtaí atá ag AE sa gheopholaitíocht dhomhanda. Is doshéanta go bhfuil an trádáil agus an gheopholaitíocht idirnasctha, go háirithe i ré iar-COVID-19. Rud a bhí in easnamh, áfach, ba ea fís gheopholaitiúil shoiléir maidir lenár gcaidreamh le tíortha eile, go háirithe maidir le SAM agus an tSín. Thairis sin, ba cheart do AE leanúint d’fhíseanna soiléire, réigiún-sonracha a fhorbairt dá chuid comhpháirtíochtaí le Meiriceá Laidineach, an Afraic, an Áise Thoir Theas (lena n-áirítear an Téaváin), Comharsanachtaí an Oirthir agus an Deiscirt agus an India.

Agus é sin á dhéanamh aige, ba cheart do AE a fhreagracht a ghlacadh i leith na coda eile den domhan, go háirithe i leith tíortha i mbéal forbartha. Is rómhinic, má chuirtear béim neamhchothrom ar onnmhairí, nach n-éascaítear forbairt ná nach spreagtar geilleagar breisluacha i dtíortha comhpháirtíochta. Níl na teicneolaíochtaí nuálacha ag leathadh a fhad le tíortha i mbéal forbartha agus bíonn fadhbanna ag baint fós le rochtain ar acmhainní chun an t-aistriú glas agus digiteach a mhaoiniú. Ar an drochuair, ní thugann TPR freagra air sin. Tá sé tábhachtach go dtacófaí beartas trádála AE le cruthú slabhraí luacha réigiúnacha. Ar cheann de na gnéithe tábhachtacha chun é sin a bhaint amach tá beartas infheistíochta spriocdhírithe i leith tíortha i mbéal forbartha.

Agus, ar ndóigh, chun é a bheith inchreidte, ní mór gan aon débhríocht a fhágáil i gcur chun feidhme an chláir nua sin maidir le hinbhuanaitheacht sa trádáil. Mar shampla, ní hamháin gur cheart comhaontuithe saorthrádála amach anseo nó comhaontuithe saorthrádála atá á n-athbhreithniú a chur i gcomhréir leis an gComhaontú Glas agus leis na caighdeáin idirnáisiúnta d’obair chuibhiúil, ach freisin ba cheart déanamh amhlaidh leis na comhaontuithe saorthrádála atá ann cheana, na comhaontuithe saorthrádála atá á gcaibidliú agus iad sin atá idir a dtabhairt chun críche i bprionsabal agus a ndaingniú. Thairis sin, níl aon amlíne shoiléir san Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála le haghaidh na mbeart a fógraíodh. Dá mbeadh amlíne shoiléir ann, ba chruthúnas é sin go bhfuil AE réidh chun beart a dhéanamh de réir a bhriathair.

12.5.2021

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT

chuig an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

maidir le gnéithe agus impleachtaí trádála COVID-19

Rapóirtéir don tuairim: Anna-Michelle Asimakopoulou

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí gur léirigh paindéim COVID-19 leochaileacht an tslabhra soláthair dhomhanda, go háirithe maidir le bia agus sláinte, agus an gá atá le slabhraí luacha réigiúnacha a fhorbairt agus borradh a chur faoin gcomhtháthú réigiúnach;

1. á chur in iúl gur geal léi an gealltanas a thug an Coimisiún ina theachtaireacht an 18 Feabhra 2021 dar teideal ‘Athbhreithniú ar an mBeartas – Beartas Trádála atá Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach’ a bheartas trádála a dhéanamh comhleanúnach lena chuspóir uileghabhálach maidir le claochlú glas an gheilleagair a bhaint amach, i dtreo geilleagar aeráidneodrach a bheidh inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, éifeachtúil ó thaobh acmhainní de agus athléimneach a bhaint amach faoi 2050;

2. ag tabhairt dá haire go bhfuil COVID-19 ina chúis le géarchéim shláinte, eacnamaíoch, shóisialta agus dhaonnúil nach bhfacthas a leithéid riamh cheana ar scála domhanda, agus go bhfuil éifeachtaí neamhshiméadracha aici do na tíortha is lú forbairt (TLFanna), a bhfuil baint ag a n-ardleochaileacht le droch-éagsúlú eacnamaíoch agus spleáchas ard ar onnmhairiú amhábhar agus arbh iad ba mhó a buaileadh leis an sleabhcadh trádála a spreag an phaindéim i roinnt earnálacha, agus níos mó fós i seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí turasóireachta, agus freisin do thíortha ísealioncaim agus meánioncaim (LICanna agus MICanna) agus go háirithe do dhaoine atá i mbochtaineacht nó i mbaol bochtaineachta; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, dá bhrí sin, go bhfuil níos mó tacaíochta de dhíth ar TLFanna, ar LICanna agus ar MICanna chun a ngeilleagair agus a dtrádáil a athbheochan ná tíortha eile agus go bhfuil freagracht ar AE gníomhú mar ghníomhaí domhanda; á iarraidh ar AE a ghealltanais do thíortha comhpháirtíochta atá i mbéal forbartha a urramú, neamhionannais a laghdú agus cur chuige saincheaptha a ghlacadh lena gcuirfear a n-imthosca ar leith san áireamh;

3. á thabhairt chun suntais gur spreagthóir athruithe í paindéim COVID-19 san ord

domhanda; á iarraidh ar an gCoimisiún freagairt beartais trádála idirnáisiúnta theanntásaigh agus chomhordaithe a thabhairt, a bheidh dírithe ar théarnamh iltaobhach, athléimneach agus inbhuanaithe i dtíortha i mbéal forbartha; á mheabhrú nach mór do bheartas trádála AE agus do chaidreamh AE le tíortha atá i mbéal forbartha a bheith bunaithe ar bhunluachanna AE agus go rannchuideoidh siad le fás inbhuanaithe, cruthú post, cur chun cinn chearta an duine agus díothú na bochtaineachta a bhaint amach; á iarraidh ar an gCoimisiún an caidreamh trádála a dhoimhniú le hEagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (OACPS), le Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh (CELAC) agus le tíortha san Afraic trí athbhreithniú domhain a dhéanamh ar chomhaontuithe comhpháirtíochta eacnamaíche agus ar mhalartú dea-chleachtas, agus an leas is fearr á bhaint as Straitéis an Aontais maidir le Cúnamh don Trádáil, d’fhonn rannchuidiú le comhlíonadh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) agus lena bpróiseas comhtháthaithe réigiúnach agus d’fhonn deiseanna infheistíochta inbhuanaithe a chur ar fáil don Afraic agus, ar an gcaoi sin, samhail forbartha mhalartach a chur ar fáil; á thabhairt chun suntais, sa chomhthéacs sin, an dul chun cinn teoranta atá déanta maidir le héagsúlú eacnamaíoch tíortha i mbéal forbartha a chumhdaítear leis na comhaontuithe compháirtíochta eacnamaíche (CCEnna); ag tathant ar AE agus ar a Bhallstáit aitheantas a thabhairt do thuairimí éagsúla maidir le CCEnna agus teacht ar réitigh nithiúla chun freagairt d’imní thíortha na hAfraice, go háirithe maidir leis an tosaíocht atá acu slabhraí luacha réigiúnacha a thógáil agus borradh a chur faoin trádáil laistigh den Afraic; á chur in iúl gur geal go mór léi gur tháinig Limistéar Saorthrádála Mór-roinne na hAfraice (AfCFTA) i bhfeidhm mar ionstraim chun tacú go gníomhach le comhtháthú réigiúnach, eacnamaíoch agus polaitiúil na hAfraice agus chun rochtain na hAfraice ar mhargaí domhanda a fheabhsú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tionscnamh a chothú ar an leibhéal domhanda maidir le comhaontuithe faoisimh fiachais do TLFanna;

4. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún sásra forfheidhmithe na gcaibidlí maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe (TSD) a neartú agus athbhreithniú cuimsitheach a sheoladh in 2021 ar an bplean gníomhaíochta 15 phointe maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach caibidlí maidir le TSD i gcomhaontuithe trádála; á chur in iúl go láidir gur gá a áirithiú nach ndéanfaidh aon fhorálacha i gcomhaontuithe saorthrádála an bonn a bhaint de na cuspóirí agus de na caighdeáin a chumhdaítear sna caibidlí maidir le TSD;

5. á mheabhrú go raibh iarmhairtí ollmhóra ag an bpaindéim ar an trádáil idirnáisiúnta, i gcomhthéacs dálaí eacnamaíocha a bhí leochaileach cheana féin, rud a d’fhág gur thit an trádáil idirnáisiúnta agus cur cruthaíodh flúirse míshocrachtaí ar scála nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe sin; á chreidiúint, mar cheacht a foghlaimíodh ón bpaindéim san Eoraip go háirithe, go bhfuil sé fíor-riachtanach teorainneacha a choinneáil ar oscailt; ag spreagadh AE agus na mBallstát a dtaithí a roinnt agus cabhrú le tíortha agus le réigiúin i mbéal forbartha cur i gcoinne srianta ar an tsaorghluaiseacht agus ar an trádáil agus ‘sásraí lánaí glasa’ a bhunú lena gceadófar, a mhéid is féidir, saorshreabhadh gan bhac earraí fíor-riachtanacha (go háirithe soláthairtí míochaine agus trealamh cosanta pearsanta) agus táirgí agraibhia, agus rochtain ar chabhair dhaonnúil i staideanna éigeandála; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé córas trádála iltaobhach agus oscailte a chothabháil, i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta chomhshaoil agus aeráide, lena gceadaítear trédhearcacht maidir le rúin agus gníomhaíochtaí beartais a bhaineann leis an trádáil, agus lena gcuirtear teorainn le bacainní trádála neamhriachtanacha agus le

srianta ar onnmhairiú, agus a thábhachtaí atá sé Rún 74/274 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe a chomhlíonadh lena n-iarrtar go neartófaí slabhraí soláthair, lena n-áirithítear agus lena gcuirtear chun cinn rochtain chothrom, thrédhearcach, chomhionann, éifeachtúil agus thráthúil ar na cógais, na vacsaíní agus na soláthairtí míochaine a bhfuil gá leo chun COVID-19 a chomhrac, mar aon le Rún 73.1 ón gComhthionól Domhanda Sláinte lena n-aithnítear an ról atá ag an imdhíonadh forleathan i gcoinne COVID-19 mar earra poiblí domhanda;

6. á iarraidh ar an gCoimisiún beartas trádála AE a chur in oiriúint chun cabhrú le tíortha comhpháirtíochta i mbéal forbartha borradh a chur faoi athléimneacht agus éagsúlú a slabhraí luacha ar an leibhéal domhanda, réigiúnach agus áitiúil, lena n-áirítear athbhunú sa bhaile agus garbhunú thar lear, agus á chur i bhfios nach mór don athbhunú sa bhaile a bheith bunaithe ar chur chuige cuimsitheach agus an trádáil idirnáisiúnta, an tionscal agus an margadh inmheánach a chur san áireamh ionas gur fearr a bheifear ullamh do thurraingí sistéamacha amach anseo, agus á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint d'iarrachtaí dá iarrachtaí ceannródaíocha athchóiriú a dhéanamh ar an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) d'fhonn tacú le cothroime shóisialta agus le hinbhuaine comhshaoil; á iarraidh ar an gCoimisiún comhoibriú chun oibleagáidí comhréireacha díchill chuí gnó a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú tuilleadh i slabhraí luacha domhanda, lena gcuideofaí le sásraí comhlíonta a fhorbairt i slabhraí soláthair agus le táirgeadh a fhorbairt i dtíortha i mbéal forbartha;

7. á thabhairt chun suntais nach féidir fadhbanna sláinte poiblí arb é COVID-19 is cúis leo a bhainistiú go cuí agus go héifeachtach áit ar bith ar domhan ach amháin fad is go bhfuil rochtain ar bhearta, lena n-áirítear vacsaíní, ar fud an domhain; á chur in iúl gur geal léi an tiomantas atá léirithe ag an Aontas agus a chuid Ballstát, ag gníomhú dóibh le chéile mar 'Fhoireann na hEorpa', chun dul i ngleic le tionchar níos leithne COVID-19 ar shochaithe agus ar gheilleagair i mbéal forbartha, go háirithe tríd an tionscnamh um Fhreagairt Dhomhanda ar an gCoróinvíreas agus trí thionscnaimh COVAX, lena léirítear ár ndlúthpháirtíocht le TLFanna; á iarraidh go mbeidh bearta leordhóthanacha ann do dhúshláin dhomhanda a bhaineann le ganntanais, le cumas monaraíochta neamhleor agus leis an mbearna idir cuspóirí COVAX agus a maoiniú; á mheabhrú go bhfuil gá le tionscnamh aontaithe ó thíortha tionsclaithe, oscailte agus daonlathacha i bhfoirm Comhghuaillíochta Vacsaíní, ós rud é nach féidir le tionscnamh COVAX ach vacsaínithe do 20 % de dhaonra an domhain a chumhdach; ag meabhrú don Choimisiún gur dócha, de réir na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS), go gcuirfidh moill ar vacsaíní sna náisiúin is boichte isteach ar théarnamh AE féin de bharr suaití leanúnacha ar an trádáil idirnáisiúnta agus ar shlabhraí soláthair domhanda; ag tathant ar an gCoimisiún ról gníomhach cuiditheach a ghlacadh i ndíospóireachtaí Chomhairle TRIPS EDT maidir le bacainní ar rochtain ar vacsaíní a sheachaint agus maidir le fothú acmhainneachta trí na roghanna féideartha uile a mheas i scríbhinn, ach gan teacht salach ar inniúlachtaí na mBallstát; á iarraidh ar an gCoimisiún dlúthchomhordú a dhéanamh le EDS, le EDT agus leis an Aontas Afracach chun tógáil ar agus uas-scálú a dhéanamh ar tháirgeadh vacsaíní do thíortha i mbéal forbartha agus, ag an am céanna, teacht chun cinn athraitheach atá frithsheasmhach in aghaidh vacsaíní a chosc; á iarraidh ar an gCoimisiún conarthaí idir cuideachtaí cógaisíochta agus monaróirí cineálacha i dtíortha i mbéal forbartha a chur chun cinn chun cur leis an gcumas monaraíochta domhanda agus chun an mhoill ar vacsaíniú a laghdú, chomh maith le hinacmhainneacht a áirithiú, go háirithe do TLFanna, mar aon le hinfhaighteacht

uilíoch; á iarraidh go ndéanfaí ceadúnú éigeantach agus cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 816/2006[1] a mheas mar mhodh chun dlús a chur le comhar AE le tíortha i mbéal forbartha agus aghaidh á tabhairt acu ar COVID-19;

8. á iarraidh go dtabharfaí maoirseacht do Ghrúpa Teagmhála an Choimisiúin-na Parlaiminte ar an bpróiseas cinnteoireachta maidir le freagairt ar COVID-19, lena n-áirítear comhaontuithe réamhcheannaigh (APAnna) a chaibidliú; á iarraidh go gcuirfí ionadaithe ón gCoiste um Fhorbairt san áireamh i nGrúpa Teagmhála an Choimisiúin-na Parlaiminte chun ionchur leordhóthanach a chur ar fáil do straitéis AE um vacsaíniú domhanda a bheidh ullmhaithe do dhúshláin amhail imscaradh na vacsaíne i dtíortha nach leor an bonneagar leighis atá iontu, táirgeadh vacsaíní i dtíortha atá i mbéal forbartha, maolán daonnúil le haghaidh vacsaínithe, laghdú riosca agus ullmhacht i gcoinne tréithchineálacha nua den víreas;

9. á chur i bhfios go láidir go mbeidh deich mbliana ag teastáil ó thíortha i mbéal forbartha chun téarnamh ón bpaindéim, de réir thuarascáil Idirnáisiúnta Oxfam dar teideal *The inequality virus* [Víreas an neamhionannais], fad is go ndéanfaidh tíortha níos saibhre dul chun cinn vacsaínithe níos tapúla agus go dtéarnóidh siad níos tapúla; ag tabhairt dá haire go gcosnóidh mainneachtain daonra an domhain a imdhíonadh idir 10 agus 100 oiread an airgid ar thíortha saibhre is a chosnódh sé chun cabhrú le daoine i dtíortha i mbéal forbartha a vacsaíniú, de réir Institiúid Peterson um Eacnamaíocht Idirnáisiúnta; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, comhordú a dhéanamh ar chomhdháil deontóirí chun infheistíocht a dhéanamh sa mhonaraíocht dhomhanda agus chun comhroinnt paitinní agus aistriú na teicneolaíochta a spreagadh chun dlús a chur leis an téarnamh domhanda sláinte agus eacnamaíoch;

10. á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil srianta ar onnmhairí agus bacainní trádála tar éis cur isteach ar mhargaí agraibhia agus ar shlabhraí soláthair ar fud an domhain, rud a bhfuil tionchar mór aige ar thíortha i mbéal forbartha; ag tathant ar an gCoimisiún slándáil an tsoláthair bia a bheith ar cheann dá thosaíochtaí agus na bearta iomchuí a shainaithint lena áirithiú nach spreagfaidh an phaindéim seo géarchéim bhia sa domhan i mbéal forbartha; á chur i bhfáth nach mór leanúint leis an éileamh dlisteanach go laghdófaí an brú a chuireann an talmhaíocht ar an gcomhshaol ar bhealach, agus ar luas, a áiritheoidh slándáil an tsoláthair bia do gach saoránach i dtíortha i mbéal forbartha, agus in AE chomh maith; ag tacú le gníomhaíochtaí lena n-éascófar trádáil d'fhonn an tsábháilteacht bia agus bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta a chur chun cinn mar fhreagairt ar COVID-19; ag meabhrú phrionsabal an chomhtháthaithe beartas ar mhaithe le forbairt lena áirithiú nach gcuirfidh onnmhairí Eorpacha, go háirithe i réimse na talmhaíochta, bac ar fhorbairt an táirgthe áitiúil, chun spleáchas tíortha ar allmhairí agus a leochaileacht i leith luaineachtaí idirnáisiúnta praghsanna a laghdú;

11. á iarraidh ar an gCoimisiún impleachtaí COVID-19 agus a thionchair ar bhaint amach SDGanna na Náisiún Aontaithe do 2030 a mheas; ag tathant ar an gCoimisiún a bheartas trádála a athoiriúnú dá réir i gcomhréir lena bheartas forbartha domhanda lena áirithiú go ndéanfar geilleagair agus sochaithe a atógáil sa chaoi go mbeidh siad níos fearr, níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos cothroime ó thaobh na

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 816/2006 an 17 Bealtaine 2006 maidir le ceadúnú éigeantach paitinní a bhaineann le monarú táirgí cógaisíochta le haghaidh onnmhairiúchán chuig tíortha a bhfuil fadhbanna sláinte poiblí acu (IO L 157, 9.6.2006, lch. 1).

socheacnamaíochta de tar éis na paindéime; á chur i bhfáth nach mór go mbeadh dul i ngleic leis na neamhionannais ina chuid lárnach de straitéis dhomhanda an Aontais i ndiaidh COVID-19, lena n-áirítear a chlár oibre trádála, lena áirithiú nach gcaillfear dul chun cinn a rinneadh ar laghdú na bochtaineachta, ar an oideachas, ar an tsláinte phoiblí, ar an gcomhionannas inscne agus ar an ngníomhú ar son na haeráide, mar gheall ar an bpaindéim;

12. á mheabhrú go mbainfear an bonn ó dhul chun cinn i dtuairim is 80 % de na spriocanna measúnaithe faoi SDGanna na Náisiún Aontaithe mar gheall ar chailliúint seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais; á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil córais réitigh díospóidí lena gcumhdaítear an forálacha bithéagsúlachta agus trádála i gcomhaontuithe iltaobhacha comhshaoil ceangailteach, murab ionann agus córas forfheidhmiúcháin EDT, ar córas é a léiríonn ardcheannas an dlí tráchtála ar an mbithéagsúlacht *de facto*; á mheabhrú, go háirithe, go gcuireann rialacha EDT atá ann faoi láthair teorainn le deis na mBallstát taraifí a ardú ar tháirgí a bhfuil tionchar diúltach acu ar an mbithéagsúlacht; á chur in iúl gur geal léi, i bhfianaise an mhéid sin, go bhfuil an Coimisiún tiomanta do thosaíocht a thabhairt do chur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht i gcomhaontuithe trádála agus infheistíochta, agus á iarraidh ar an gCoimisiún a mholadh go mbeadh an t-athchóiriú ar EDT ar aon dul leis sin;

13. á mheas go bhfuil COVID-19 tar éis dlús a chur leis an aistriú i dtreo an digitithe, lena gcuirtear deiseanna ar fáil chun an trádáil idirnáisiúnta a éascú, próisis aghaidh ar aghaidh a laghdú agus lóistíocht éifeachtúil agus stoc-charnadh straitéiseach lena mbaineann acmhainneacht ollmhór a chur ar fáil, go háirithe do thíortha comhpháirtíochta i mbéal forbartha; á chur i bhfios go láidir go bhfuil tíortha i mbéal forbartha agus na TLFanna ag dul chun deiridh sa gheilleagar digiteach agus á iarraidh ar an gCoimisiún comhoibriú le tíortha comhpháirtíochta i mbéal forbartha chun bonneagar digiteach a neartú agus a éascú, chomh maith le tábhacht straitéiseach a thabhairt don trádáil dhigiteach agus an t-aistriú digiteach a éascú, straitéisí beartais a bhunú agus creataí rialála a chomhchuibhiú le haghaidh ríomhthráchtáil inbhuanaithe, tacú le hoiliúint scileanna, agus uirlisí bainistithe trádála agus custam, íocaíocht leictreonach agus nósanna imeachta uathoibrithe a nuachóiriú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le comhar maidir le forbairt AE chun rannchuidiú lena áirithiú go mbeidh rochtain ghinearálta ar an idirlíon leathanbhanda ag daonraí ar phraghsanna inacmhainne in TLFanna;

14. á mheas gur léir ó bhaint amach Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe go n-oibrímid i gcomhthéacs iltaobhach agus go gcomhordaímid beartais ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar an leibhéal náisiúnta chun dul i ngleic leis na dúshláin ollmhóra atá ann maidir leis na huaillmhianta sin mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus chun na SDGanna a chur san áireamh in atógáil agus athstruchtúrú gréasán trádála idirnáisiúnta; á iarraidh ar an gCoimisiún a athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta 15 phointe maidir le Caibidlí TSD a thíolacadh le linn 2021, lena dtabharfar aghaidh ar in-fhorfheidhmitheacht ghealltanais TSD;

15. á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Choimisiúin an ghné inbhuanaitheachta de na comhaontuithe trádála atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a threisiú; á iarraidh, dá réir sin, go ndéanfar measúnú tionchair iomlán *ex ante* agus *ex post* ar chomhaontuithe saorthrádála AE;

16. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé leas a bhaint as an bhfadbhreathnaitheacht straitéiseach chun feabhas a chur ar ullmhacht tíortha i mbéal forbartha maidir le haon suaitheadh agus géarchéimeanna sláinte a bheidh ann amach anseo, agus feabhas a chur ar a n-athléimneacht ina leith, lena n-áirítear sócháin galair nua agus paindéimí amach anseo, lena ndíreofar ar straitéisí agus freagairtí a bheidh oiriúnaithe don todhchaí a fhorbairt;

17. á iarraidh ar an gCoimisiún oibriú go gníomhach laistigh de EDT chun rialacha iltaobhacha a chur chun cinn chun bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar shlabhraí luacha domhanda, lena n-áirítear dícheall cuí éigeantach sa slabhra soláthair.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 10.5.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +:<br>–:<br>0: |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Anna-Michelle Asimakopoulou, Hildegard Bentele, Dominique Bilde, Catherine Chabaud, Antoni Comín i Oliveres, Ryszard Czarnecki, Gianna Gancia, Charles Goerens, Pierrette Herzberger-Fofana, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Beata Kempa, Pierfrancesco Majorino, Erik Marquardt, Janina Ochojska, Jan-Christoph Oetjen, Christian Sagartz, Marc Tarabella, Tomas Tobé, Miguel Urbán Crespo, Chrysoula Zacharopoulou, Bernhard Zimniok |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Stéphane Bijoux, Maria Noichl, Patrizia Toia |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 17 | + |
|---|---|
| ECR | Ryszard Czarnecki, Beata Kempa |
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, Hildegard Bentele, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Janina Ochojska, Christian Sagartz, Tomas Tobé |
| Renew | Stéphane Bijoux, Catherine Chabaud, Charles Goerens, Chrysoula Zacharopoulou |
| S&D | Pierfrancesco Majorino, Maria Noichl, Marc Tarabella, Patrizia Toia |

| 1 | - |
|---|---|
| ID | Bernhard Zimniok |

| 7 | 0 |
|---|---|
| ID | Dominique Bilde, Gianna Gancia |
| NI | Antoni Comín i Oliveres |
| The Left | Miguel Urbán Crespo |
| Verts/ALE | Benoît Biteau, Pierrette Herzberger-Fofana, Erik Marquardt |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
\+ : i bhfabhar
\- : i gcoinne
0 : staonadh

11.5.2021

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE

chuig an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

maidir le gnéithe agus impleachtaí trádála COVID-19
(2020/2117(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Álvaro Amaro

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur i bhfáth, i gcomhthéacs an mhórshleabhctha eacnamaíoch, de bharr COVID-19, in éineacht leis an éiginnteacht a chruthaigh Brexit agus na taraifí éagóracha arna bhforchur na Stáit Aontaithe ar roinnt táirgí bia Eorpacha, gur fhan trádáil agraibhia an Aontais cobhsaí den chuid is mó le linn 2020, i gcás onnmhairí agus allmhairí araon, a bhuí go mór le sár-iarrachtaí feirmeoirí agus an tslabhra agraibhia; á thabhairt chun suntais go raibh barrachas bliantúil trádála agraibhia an Aontais os cionn EUR 60 billiún; ag tabhairt dá haire, áfach, go bhfuil éagsúlachtaí móra idir na figiúirí sin ar fud na mBallstát agus na n-earnálacha; á mheabhrú, sa chomhthéacs sin, gurb é an tAontas an trádálaí domhanda is mó i dtaobh táirgí talmhaíochta agus go bhfuil an talmhaíocht agus an t-agraibhia ríthábhachtach d'onnmhairí an Aontais agus don téarnamh eacnamaíoch;

2. ag cur béim ar athléimneacht thalmhaíocht na hEorpa, go háirithe táirgí a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint (STFC) acu, agus na n-earnálacha agraibhia i slándáil bia agus slándáil an tsoláthair a áirithiú; ag aithint, ag an am céanna, gur léiríodh le géarchéim COVID-19 go bhfuil an córas táirgthe bia spleách ar iompar, agus gur fadhbanna iad comhchruinniú an táirgthe agus lagú na margaí áitiúla agus gur cheart aghaidh a thabhairt orthu trí bhearta iomchuí; á chur i bhfáth an tábhacht straitéiseach a bhaineann leis na hearnálacha sin, go háirithe tráth géarchéime, agus a thábhachtaí atá sé uathriail straitéiseach an Aontais a áirithiú;

3. á chur i bhfios go láidir an tábhacht shocheacnamaíoch atá ag earnalácha agraibhia chomh maith leis an líon ard cuideachtaí agus post atá i gceist, lena n-áirítear poist ar bheagán oiliúna; ag cur béim ar a thábhachtaí atá táirgeadh agraibhia na hEorpa mar

earnáil phríomhúil atá ríthábhachtach do chothabháil bia na hEorpa, d'fheidhmiú éifeachtúil an tslabhra soláthair bia agus do bheocht agus d'fhorbairt a limistéar tuaithe agus a réigiún is forimeallaí; á chur i bhfios go láidir go bhfuil rath thalmhaíocht na hEorpa bainteach leis an gcomhbheartas talmhaíochta, lena bhfeabhsaítear dálaí feirmeoireachta agus lena ráthaítear slándáil an tsoláthair bia san Aontas, agus nach féidir é a bhaint amach ar an leibhéal áitiúil nó ar an leibhéal réigiúnach amháin; á chur i bhfios go gcuireann comhaontuithe saorthrádála áirithe earnálacha éagsúla talmhaíochta na hEorpa i mbaol go mór;

4. á mheabhrú, áfach, go bhfuil roinnt margaí agraibhia Eorpacha i staid an-leochaileach tar éis caillteanas suntasach díolachán in éineacht le praghsanna níos ísle agus, *inter alia*, an costas ar bheatha ainmhithe atá ag dul i méid agus allmhairí atá ag méadú, a chuireann a n-inbhuanaitheacht fhadtéarmach i mbaol; ag tabhairt dá haire go raibh tionchar suntasach ag an bpaindéim ar earnáil na mairteola, ar earnáil na laofheola, ar earnáil na héineola, ar earnáil na muiceola, ar earnáil na bprátaí, ar earnáil an fhíona, ar earnáil na biotáillí agus ar earnáil na licéar, chomh maith le hearnáil na feirmeoireachta beostoic, earnáil an bhia úr, earnáil na feola agus earnáil na bplandaí ornáideacha, i measc nithe eile, i bhfianaise na srianta a dhéanann difear d'earnáil turasóireachta an Aontais, i bhfianaise chrapadh mhargadh an domhain, i bhfianaise an laghdaithe ar onnmhairí ó thaobh méide agus luacha araon, i bhfianaise an mhéadaithe ar chostais lóistíochtúla agus athruithe ar nósanna tomhaltais; á iarraidh go dtabharfar tuilleadh tacaíochta chun na honnmhairí sin a athghníomhachtú agus a éagsúlú agus an sciar den mhargadh a athghabháil, lena n-áirítear na bearta urghnácha d'earnáil an fhíona agus bearta d'earnáil na dtorthaí agus na nglasraí i réigiúin is forimeallaí i mbun onnmhairithe; á iarraidh, chomh maith céanna, go dtabharfar tacaíocht d'earnálacha amhail feirmeoireacht eallaigh agus caorach, i measc earnálacha eile, a bhfuil damáiste mór á bhfulaingt acu de bharr allmhairí tríú tíortha;

5. á chur i bhfios go láidir, ag an am céanna, nár cheart go ndeánfadh dul i ngleic le tionchar phaindéim COVID-19 na fadhbanna ná na dúshláin reatha eile atá os comhair thalmhaíocht na hEorpa a cheilt; á chur i bhfáth gur gá dlúthfhaireachán a dhéanamh ar impleachtaí na gcomhaontuithe trádála idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe agus idir an tAontas agus Mercosur, agus aird ar leith á tabhairt ar na margaí éineola, mairteola agus bainne sna Ballstáit agus ar earnáil iascaigh an Aontais, agus ar impleachtaí an chomhaontaithe idir an tAontas agus an Úcráin maidir le saorthrádáil i dtáirgí déiríochta;

6. á thabhairt chun suntais go bhfuil deacrachtaí ar leith ag baint le COVID-19 do shlabhraí soláthair na n-earnálacha diansaothair amhail torthaí, glasraí agus táirgí ainmhithe, agus gur gá, leis na bearta chun leanúint den táirgeadh agus den trádáil a éascú sna himthosca sin, na hábhair imní maidir le leas na n-oibrithe, chomh maith lena saorghluaiseacht, a chomhtháthú ar bhealach níos fearr;

7. á chur i bhfáth go n-onnmhairíonn an tAontas táirgí agraibhia ardcháilíochta/ardluacha agus go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag laghdú féideartha na cumhachta ceannaigh domhanda ar na honnmhairí sin; á mheabhrú an staid leochaileach a bhí os comhair na hearnála roimh an bpaindéim mar thoradh ar Brexit agus ar tharaifí méadaithe na Stát Aontaithe, staid atá níos measa mar gheall ar an bpaindéim; á chur i bhfios go láidir an iliomad éiginnteachtaí a d'fhéadfadh a bheith os comhair na margaí talmhaíochta sna blianta amach romhainn, amhail forbairt galar, iomadú lotnaidí áirithe

agus an t-athrú aeráide; á chur i bhfáth, i ndáil leis an méid sin, gur gá tacú le hinfheistíochtaí ar an bhfeirm, chun a chur ar chumas earnáil na talmhaíochta rannchuidiú le dúshláin tar éis na paindéime;

8. á mheabhrú gur fhulaing feirmeoirí agus gairneoirí, in go leor earnálacha, caillteanais thromchúiseacha eacnamaíocha mar gheall ar dhúnadh siopaí agus saoráidí lónadóireachta; á chur i bhfáth, i ngeall ar chineál sonrach an táirgthe bia agus ar úsáid timthriallta fáis agus táirgí úra, go bhfuil táirgeoirí príomhúla go háirithe leochaileach do dhálaí foircneacha margaidh neamhthuartha; á chur in iúl gurb oth léi nach ndearna an Coimisiún bearta iomchuí margaidh a ghníomhachtú go pras, lena n-áirítear bearta eisceachtúla chun damáiste eacnamaíoch d'fheirmeoirí agus do ghairneoirí atá buailte a mhaolú agus a chosc tuilleadh sna himthosca eisceachtúla sin; á iarraidh ar an gCoimisiún ceachtanna a fhoghlaim ón méid sin chun leas níos fearr a bhaint as na deiseanna a bheidh ann amach anseo agus chun acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil chun gníomhaíocht ghasta a éascú; á iarraidh ar na Ballstáit, i ndáil leis sin, cuid iomchuí agus shuntasach de chistí téarnaimh Eorpacha (Next Generation EU) a leithdháileadh ar an earnáil phríomhúil;

9. á mheabhrú nár leor na bearta eisceachtúla tacaíochta don talmhaíocht agus don agraibhia a moladh ag tús na paindéime, agus go raibh freagairtí náisiúnta an-éagsúil ar an ngéarchéim mar thoradh ar an gcabhair bhreise a chuir na Ballstáit ar fáil; á áitiú gur gá an leithdháileadh do chlár cur chun cinn 2022 a mhéadú go leibhéal 2020 ar a laghad, ós rud é go bhfuil beartas cur chun cinn an Aontais ina phríomhghné do rochtain feirmeoirí ar mhargaí inmheánacha agus ar mhargaí seachtracha araon, go háirithe i gcomhthéacs éagobhsaíocht trádála idirnáisiúnta ard de bharr go bhfuil laghdú tagtha ar thomhaltas táirgí áirithe talmhaíochta mar gheall ar ghéarchéim COVID-19; á chur i bhfáth go bhfuil laghdú tagtha ar phraghsanna ísle, in éineacht le costais níos airde le linn agus tar éis na paindéime, agus go leanfaidh siad de bheith ag laghdú acmhainn infheistíochta na bhfeirmeacha; ag cur béim ar a thábhachtaí atá pleananna téarnaimh náisiúnta i ndáil leis an méid sin; á iarraidh ar an Aontas tacaíocht airgeadais a thabhairt do na táirgeoirí príomhúla is mó atá i mbaol féimheachta mar thoradh ar an gcur isteach;

10. á chur i bhfáth gur gá d'aon phleananna agus d'aon bhearta spreagtha eacnamaíoch de chuid an Aontais breithniú a dhéanamh ar thalmhaíocht san Aontas agus sna réigiúin is forimeallaí i bhfianaise thábhacht agus éagsúlacht táirgthe na hearnála, agus an éagsúlacht táirgthe a stiúradh i dtreo níos mó athléimneachta ó thaobh an gheilleagair agus an chomhshaoil araon de, agus béim á leagan ar bhiafhlaitheas; á chur i bhfáth freisin go bhfuil an t-athbhreithniú agus an t-ollchóiriú ar bheartas trádála an Aontais, a d'iarr an earnáil ar feadh na mblianta, an t-athchóiriú a d'fhógair an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, ar choinníoll go gcomhlíonann na comhaltaí uile é, agus an t-ollchóiriú bunúsach ar chomhaontú AE-Mercosur fíor-riachtanach agus gur féidir leo, agus ní mór dóibh, cosaint níos fearr do shamhail talmhaíochta na hEorpa agus do leasanna fheirmeoirí na hEorpa a chumasú;

11. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cáilíocht, iomaíochas agus inbhuanaitheacht ár samhail talmhaíochta a chosaint trína athdhearbhú go daingean nach mór do tháirgí talmhaíochta agus agraibhia atá ag teacht isteach i margadh na hEorpa cloí go hiomlán le rialacha comhshaoil agus sóisialta an Aontais agus leis na hardchaighdeáin a éilíonn an t-Aontas ar ár bhfeirmeoirí chun ár n-earnáil talmhaíochta a chosaint ar iomaíocht éagórach; á chur i bhfáth go bhfuil amhras ann faoi láthair maidir leis an gcomhlíonadh

sin mar gheall ar easpa clásal atá infheidhme go díreach i gcomhaontuithe trádála an Aontais le tríú tíortha lena n-éilítear caighdeáin shóisialta agus chomhshaoil atá cosúil le caighdeáin Eorpacha;

12. á áitiú gur cheart rialuithe rialta agus críochnúla a chur ar bun chun comhlíonadh na dtáirgí ó thríú tíortha a ráthú; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, an gá atá le fíor-chomhleanúnachas agus le sineirgí idir beartais trádála agus forbartha agus ár mbeartais talmhaíochta agus bia, chomh maith leis an ngá atá ann comhar rialála idirnáisiúnta agus beartas trádála gníomhach agus inbhuanaithe a chothú; á áitiú gur gá dreasachtaí láidre a chruthú do thríú tíortha chun caighdeáin an Aontais a chomhlíonadh; á thabhairt chun suntais, i ndáil leis sin, nach mór don trádáil a bheith bunaithe ar rialacha cothroma, córa agus trédhearcacha chun saobhadh iomaíochta a sheachaint; á chur i bhfáth nár cheart go mbeadh an chaomhnaitheacht mar thoradh ar choincheap na huathrialach straitéisí;

13. ag cur béim ar an ngá atá le slabhra soláthair atá go hiomlán trédhearcach chun urraim do chaighdeáin an Aontais a ráthú agus chun ardleibhéal faisnéise a chur ar fáil do thomhaltóirí; á chur in iúl gur geall léi gealltanas an Choimisiúin 'clásal riachtanach' i gcomhaontuithe trádála an Aontais a dhéanamh de chomhlíonadh chomhaontú Pháras; á chur i bhfáth, d'fhonn a bheith in-fhorfheidhmithe, nach mór do chuspóirí comhshaoil chomhaontuithe saorthrádála an Aontais, go háirithe cuspóirí a bhaineann le trádáil i dtáirgí talmhaíochta, a bheith soiléir, inchainníochtaithe, infhíoraithe, agus bunaithe ar mheasúnuithe tionchair inbhuanaithe *ex ante* atá stóinsithe, trédhearcach agus cuimsitheach; á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de bheith ag obair leis an bParlaimint maidir le feabhas a chur ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú na gcaibidlí maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe (TSD); á mheabhrú an gealltanas a thug an Coimisiún ina straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' chun tacú leis an aistriú domhanda chuig córas agraibhia inbhuanaithe, go háirithe trí iarrachtaí a dhéanamh gealltanais uaillmhianacha a fháil ó thríú tíortha i bpríomhréimsí amhail leas ainmhithe, úsáid lotnaidicídí agus an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac;

14. á chur i bhfáth nár cheart go mbeadh sceitheadh táirgthe talmhaíochta agus foraoiseachta chuig tríú tíortha mar thoradh ar chur chun feidhme thionscnaimh agus cheanglais an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, a mbeadh tionchar diúltach aige ar an gcomhshaol agus ar an aeráid; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart don Aontas ardchaighdeáin chomhshaoil a chur chun cinn agus dífhoraoisiú a chomhrac trína bheartas trádála, i gcomhréir le prionsabail an Chomhaontaithe Ghlais agus le rún ón bParlaimint an 16 Meán Fómhair 2020 maidir le ról AE i dtaca le foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú[20];

15. á mheabhrú, chomh maith céanna, an gealltanas a thug sí chun tacú le feirmeoirí ar mhionscála, le slabhraí sholáthair gairid, le hagrai-éiceolaíocht, agus le bithéagsúlacht a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe;

16. á chur in iúl gur geal léi treoirlínte an Choimisiúin maidir le hinfheistíocht dhíreach choigríche a scagadh, chun chosaint i gcoinne táthcheangal creachach ar fhiontar an

[20] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0212.

Aontais atá lagaithe mar thoradh ar an bpaindéim;

17. á thabhairt chun suntais an tábhacht fhoriomlán a bhaineann le margadh inmheánach dea-fheidhmiúil a bheith ann d'fhonn cumas onnmhairiúcháin na hEorpa a fheabhsú agus cobhsaíocht agus slándáil ár líonra táirgeoirí a áirithiú, rud a éilíonn dul chun cinn i dtéarmaí reachtaíochta ar an leibhéal Eorpach, comhchuibhiú agus cur chun feidhme tapa, mar atá á bhaint amach leis an treoir maidir le cleachtais éagóracha trádála sa bhiashlabhra[21]; á chur in iúl gur cúis mhór imní di an méadú tuairiscithe ar chleachtais éagóracha trádála le linn na paindéime; á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na treorach maidir le cleachtais éagóracha trádála ag na Ballstáit;

18. á thabhairt chun suntais fóntas na lánaí glasa agus na dtreoirlínte d'oibrithe séasúracha mar mhodh luath chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a choinneáil le linn na paindéime; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé a áirithiú nach ndéanfaidh toirmisc a bhaineann le COVID-19 ar theacht isteach arna bhforchur ar thríú tíortha difear do shreabhadh earraí ó Bhallstát amháin go Ballstát eile i gcás ina dtéann bealach idirthurais trí thríú tír; ag tabhairt dá haire go bhfuil cur isteach breise ar thrádáil, maidir le tíortha agus críocha an Aontais nach bhfuil nasctha le mór-roinn na hEorpa, mar thoradh ar an bpaindéim agus nach mór imscrúdú a dhéanamh ar réitigh chun é sin a sheachaint amach anseo; á mheabhrú go bhfuil moilleanna suntasacha ag teorainneacha de bharr an phróisis tástála neamheagraithe le haghaidh tiománaithe trucaile a bhíonn ag taisteal idir na Ballstáit; á chur in iúl gur díol sásaimh di gur maolaíodh na ceanglais maidir le deimhnithe páipéir a bheidh ag gabháil le lastais táirgí bia le linn phaindéim COVID-19, agus á iarraidh go nglacfar go buan le deimhnithe digiteacha;

19. ag cur béim ar an ngá práinneach atá ann a áirithiú nach ndéanfar aon bhacainní nua ar thrádáil leis na comhpháirtithe trádála tríú tír is gaire dúinn a chruthú nó a choinneáil mar thoradh ar an bpaindéim;

20. á thabhairt chun suntais, cé gur cheart do na Ballstáit saorchúrsaíocht go háirithe cógas leighis, trealaimh leighis, táirgí bia riachtanacha agus meatacha agus beostoc a chaomhnú, nach bhfuil ar chumas cuid trasnuithe teorann tús áite a thabhairt d'iompar ainmhithe agus nach bhfuil cead ag feithiclí beostoic ag teacht ó chriosanna ardriosca teacht isteach ag trasnuithe eile, ag cur ainmhithe arna n-iompar faoi réir scórtha ciliméadar de scuainí fada agus fulaingt mhíchuí; á iarraidh go mbeadh rialacha in-fhorfheidhmithe ann lena n-aithneofar staid níos forbhásaí ná riamh an iompair ainmhithe beo le linn paindéimí zónóiseacha, agus go n-ullmhófaí pleananna teagmhais i gcás teagmhas gan choinne amhail dúnadh teorainneacha;

21. á chur i bhfáth gur gá, i ngeall, i bpáirt, ar an gcur isteach ar shlabhraí táirgthe domhanda agus ar an luaineacht praghsanna mhéadaithe arbh í paindéim COVID-19 ba chúis léi, uathriail straitéiseach oscailte a fhorbairt don Aontas agus é mar aidhm léi sin rochtain ar phríomh-mhargaí a áirithiú agus an spleáchas ar allmhairí earraí criticiúla, amhail foinsí próitéine atá bunaithe ar phlandaí, a laghdú; á athdhearbhú gur gá a aithint go bhfuil córais agraibhia ina ngné ríthábhachtach d'uathriail straitéiseach oscailte an Aontais chun infhaighteacht leordhóthanach bia sábháilte agus dea-cháilíochta a áirithiú

---

[21] Treoir (AE) 2019/633 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia (IO L 111, 25.4.2019, lch. 59).

agus chun slabhraí soláthair bia agus sreafaí trádála feidhmiúla agus athléimneacha a choinneáil le linn géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo, i gcomhréir le hAirteagal 2(1) de Chomhaontú Pháras; á chur i bhfáth gur léiríodh le paindéim COVID-19 go bhfuil gá le hathrú ó bhonn ar an gcóras bia ina iomláine, d'fhonn slándáil níos leithne an tsoláthair bia agus praghsanna áitiúla cobhsaí a áirithiú, go háirithe do na pobail is leochailí, bunaithe ar phrionsabail ceannasachta bia, agus chun dul i ngleic le cleachtais éagóracha trádála dóibh siúd níos faide síos sa bhiashlabhra;

22. ag cur béim ar a thábhachtaí atá trédhearcacht agus inrianaitheacht i slabhra an tsoláthair bia, go háirithe i bhfianaise ghéarchéim COVID-19 agus eipidéimí zónóiseacha, agus á iarraidh go mbeadh an t-Aontas chun tosaigh i lipéadú tionscnaimh táirgí agraibhia;

23. á chur i bhfáth gur léirigh paindéim COVID-19 leochaileacht an tslabhra soláthair dhomhanda, go háirithe maidir le bia agus sláinte, agus an gá atá le slabhraí luacha réigiúnacha a fhorbairt agus borradh a chur faoin gcomhtháthú réigiúnach; á mheabhrú gur gá prionsabal an chomhtháthaithe beartais a chosaint ar mhaithe leis an bhforbairt chun a áirithiú nach gcuirfidh onnmhairí Eorpacha bac ar fhorbairt an táirgthe áitiúil; á iarraidh go dtabharfaí tús áite do tháirgeadh agus do thomhaltas bia áitiúil ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal tríú tír araon, lena n-áiritheofar cruthú post go háitiúil, lena ráthófar praghsanna córa do tháirgeoirí agus do thomhaltóirí, agus lena laghdófar spleáchas na dtíortha ar allmhairí agus a leochaileacht i leith luaineachtaí idirnáisiúnta praghsanna;

24. á mheabhrú gur léirigh an cur isteach a tharla mar thoradh ar COVID-19 an deacracht a bhaineann le slabhraí soláthair fada a choinneáil mar aon leis an bhfiúntas a bhaineann le haistriú i dtreo slabhraí soláthair níos giorra, go háirithe maidir le hearnáil an bheostoic agus a spleáchas ar bheatha agus ainmhithe a iompar ar feadh fad-achair; ag tabhairt dá haire, in ainneoin iarrachtaí an Choimisiúin chun iompar ainmhithe a éascú trí úsáid a bhaint as 'lánaí glasa', nach bhféadfaí cur chun feidhme ceart Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle maidir le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar[22] a áirithiú i gcás na heipidéime atá ag athrú go pras, rud a chuireann leas ainmhithe agus sláinte tiománaithe i mbaol;

25. ag cur béim ar an ngá atá le foghlaim ón bpaindéim, le dul isteach i ndíospóireacht iarfháis agus le tosaíocht a thabhairt do shlabhraí soláthair inbhuanaithe; á chur i bhfios go láidir gur léirigh paindéim COVID-19 fíor-leochaileacht an gheilleagair domhandaithe agus go bhfuil tionchar nach bhfacthas riamh cheana aige ar thrádáil dhomhanda agus réigiúnach i mbianna agus i dtáirgí talmhaíochta; á thabhairt chun suntais an tionchar atá ag paindéim COVID-19 ar earnálacha talmhaíochta an Aontais atá spleách ar sholáthairtí ó thríú tíortha, agus, dá bhrí sin, á chur i bhfáth gur gá slabhraí soláthair níos giorra a neartú, go háirithe i gcás ionchur, líonraí bia áitiúla agus díolachán díreach, a d'fhéadfadh a bheith tairbheach go háirithe do tháirgeoirí beaga agus meánmhéide;

26. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá an éifeacht chatalaíoch a bhí ag géarchéim COVID-19 ar ríomhthráchtáil san earnáil agraibhia, agus á chur i bhfáth gur gá a áirithiú gur ionstraim dhearfach í an ríomhthráchtáil nach gcruthaíonn

[22] Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 maidir le cosaint ainmhithe le linn iompair agus oibríochtaí gaolmhara (IO L 3, 5.1.2005, lch1).

míchothromaíochtaí sa slabhra soláthair, ós rud é go bhfuil cuideachtaí ríomhthráchtála ag teacht chun cinn mar ghníomhaí breise;

27. á chur in iúl go dtuigeann sí go hiomlán gur gá talmhaíocht na hEorpa a athrú ó bhonn agus í a bhogadh i dtreo táirgeadh níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol; á chur in iúl gur cúis mhór imní di, áfach, go bhfuil rioscaí móra d'ioncaim bhunúsacha, go háirithe d'fheirmeacha beaga tuaithe, agus do mhéid domhanda an táirgthe talmhaíochta san Aontas ag baint le haidhmeanna uaillmhianacha na straitéise 'Ón bhFeirm go bhForc' agus straitéis Bhithéagsúlachta 2030, chomh maith le coinníollacht leathnaithe na n-íocaíochtaí díreacha faoi Cholún I CBT, in éagmais measúnaithe tionchair, mar aon le laghdú suntasach ar bhuiséad CBT sa chéad pheirspictíocht airgeadais eile de CBT;

28. ag tabhairt dá haire sa chomhthéacs sin go bhféadfadh sé nach mbeadh táirgeadh talmhaíochta an Aontais, atá faoi ualach ceanglas nua comhshaoil, aeráide agus leasa ainmhithe, in ann iomaíocht a sheasamh ar an saormhargadh ó tháirgí ó thíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad, ar tíortha iad nach bhfuil a dtáirgeoirí faoi ualach ceánna na gceanglas táirgthe agus ar féidir leo praghsanna díolachán dumpála a thairiscint go minic; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, nach mór infheistíocht agus teicneolaíocht iomchuí a chur chun feidhme sula leagfar síos spriocanna uaillmhianacha nua maidir le laghdú d'earnáil na talmhaíochta sna Ballstáit i dtéarmaí astaíochtaí gás ceaptha teasa agus úsáid leasachán agus táirgí cosanta plandaí, lena n-áiritheofar cobhsaíocht agus leanúnachas táirgthe talmhaíochta.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 11.5.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +:<br>–:<br>0: |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mazaly Aguilar, Clara Aguilera, Atidzhe Alieva-Veli, Álvaro Amaro, Eric Andrieu, Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Adrian-Dragoş Benea, Benoît Biteau, Mara Bizzotto, Daniel Buda, Isabel Carvalhais, Asger Christensen, Angelo Ciocca, Ivan David, Paolo De Castro, Jérémy Decerle, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Luke Ming Flanagan, Dino Giarrusso, Martin Häusling, Krzysztof Jurgiel, Jarosław Kalinowski, Elsi Katainen, Gilles Lebreton, Norbert Lins, Colm Markey, Alin Mituța, Marlene Mortler, Ulrike Müller, Maria Noichl, Juozas Olekas, Pina Picierno, Maxette Pirbakas, Eugenia Rodríguez Palop, Bronis Ropė, Anne Sander, Petri Sarvamaa, Simone Schmiedtbauer, Annie Schreijer-Pierik, Veronika Vrecionová, Sarah Wiener |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Manuel Bompard, Emmanouil Fragkos, Pär Holmgren |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 37 | + |
|---|---|
| ECR | Mazaly Aguilar, Emmanouil Fragkos, Krzysztof Jurgiel, Veronika Vrecionová |
| ID | Mara Bizzotto, Angelo Ciocca, Gilles Lebreton, Maxette Pirbakas |
| NI | Dino Giarrusso |
| PPE | Álvaro Amaro, Daniel Buda, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Jarosław Kalinowski, Norbert Lins, Colm Markey, Marlene Mortler, Anne Sander, Petri Sarvamaa, Simone Schmiedtbauer, Annie Schreijer-Pierik |
| Renew | Atidzhe AlievaVeli, Asger Christensen, Jérémy Decerle, Elsi Katainen, Alin Mituța, Ulrike Müller |
| S&D | Clara Aguilera, Eric Andrieu, Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Adrian-Dragoş Benea, Isabel Carvalhais, Paolo De Castro, Maria Noichl, Juozas Olekas, Pina Picierno |

| 6 | - |
|---|---|
| ID | Ivan David |
| Verts/ALE | Benoît Biteau, Martin Häusling, Pär Holmgren, Bronis Ropė, Sarah Wiener |

| 3 | 0 |
|---|---|
| The Left | Manuel Bompard, Luke Ming Flanagan, Eugenia Rodríguez Palop |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 25.5.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +:<br>–:<br>0: |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews, Anna-Michelle Asimakopoulou, Tiziana Beghin, Geert Bourgeois, Jordi Cañas, Daniel Caspary, Miroslav Číž, Arnaud Danjean, Paolo De Castro, Emmanouil Fragkos, Raphaël Glucksmann, Markéta Gregorová, Roman Haider, Christophe Hansen, Heidi Hautala, Danuta Maria Hübner, Herve Juvin, Karin Karlsbro, Maximilian Krah, Danilo Oscar Lancini, Bernd Lange, Margarida Marques, Gabriel Mato, Sara Matthieu, Emmanuel Maurel, Carles Puigdemont i Casamajó, Samira Rafaela, Inma Rodríguez-Piñero, Massimiliano Salini, Helmut Scholz, Sven Simon, Dominik Tarczyński, Mihai Tudose, Kathleen Van Brempt, Marie-Pierre Vedrenne, Jörgen Warborn, Iuliu Winkler, Jan Zahradil, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Sergio Berlato, Jean-Lin Lacapelle, Morten Løkkegaard |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH SA CHOISTE FREAGRACH

| 29 | + |
|---|---|
| NI | Tiziana Beghin, Carles Puigdemont i Casamajó |
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, Daniel Caspary, Arnaud Danjean, Christophe Hansen, Danuta Maria Hübner, Gabriel Mato, Massimiliano Salini, Sven Simon, Iuliu Winkler, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| Renew | Barry Andrews, Jordi Cañas, Karin Karlsbro, Morten Løkkegaard, Samira Rafaela, Marie-Pierre Vedrenne |
| S&D | Miroslav Číž, Paolo De Castro, Raphaël Glucksmann, Bernd Lange, Margarida Marques, Inma Rodríguez-Piñero, Mihai Tudose, Kathleen Van Brempt |
| Verts/ALE | Markéta Gregorová, Heidi Hautala, Sara Matthieu |

| 3 | - |
|---|---|
| ID | Roman Haider, Maximilian Krah |
| PPE | Jörgen Warborn |

| 9 | 0 |
|---|---|
| ECR | Sergio Berlato, Geert Bourgeois, Emmanouil Fragkos, Dominik Tarczyński |
| ID | Herve Juvin, Jean-Lin Lacapelle, Danilo Oscar Lancini |
| The Left | Emmanuel Maurel, Helmut Scholz |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh